



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland

# Cianobair a Chumasú

An Straitéis Náisiúnta maidir le Cianobair



Arna ullmhú ag an Roinn Fiontar,  
Trádála agus Fostaíochta  
[gov.ie](http://gov.ie)

# Clár na nÁbhar

<b>Brollach an Tánaiste</b>	<b>1</b>
<b>Achoimre Feidhmiúcháin</b>	<b>2</b>
<b>Cianobair a Shainiú</b>	<b>6</b>
<b>Réamhrá</b>	<b>8</b>
<b>Gníomhaíochtaí</b>	<b>14</b>
1. Timpeallacht Fhabhrach a Chruthú	15
2. Bonneagar Cianoibre a Fhorbairt agus a Threisiú	19
3. Beartas agus Creat-Treoir maidir le Cianobair a Chruthú	22
Coinníollacha Buntacaithe	25
<b>Na Chéad Chéimeanna Eile</b>	<b>27</b>
<b>Aguisíní</b>	<b>28</b>

# Brollach

**Tá ár saol athraithe mar gheall ar an bpaindéim. Beidh athrú ar shaol na hoibre go brách mar gheall uirthi chomh maith. Bhí ar na milliúin daoine agus gnólachtaí ar fud an domhain athrú a dhéanamh thar oíche ó bhogadh ón oifig go dtí bheith ag obair sa bhaile agus ó bheith ag caidreamh go pearsanta go dtí bheith ag caidreamh ar líne den chuid is mó. B'fhéidir go nglacfadh an t-aistriú sin na blianta fada dá mbeadh sé pleanáilte. Ina ionad sin tharla sé faoi cheann cúpla lá.**

Creidimse, nuair a bheidh an phaindéim thart, go rachaidh cuid mhór againn ar ais chuig an oifig, ach ní bheidh cúrsaí mar an gcéanna choíche arís. Beidh físchomhdháil níos coitianta agus ní bheifear ag taisteal chun na hoibre chomh minic. Cé go mbeidh roinnt daoine ag obair go lánaimseartha ón oifig nó ón mbaile, beidh an chuid is mó againn ina n-oibríthe cumaisc, ag obair ó oifig corruair agus ag obair ag amanna eile ón mbaile, ó mhol nó nuair a bheimid ag taisteal.

Ar an iomlán, beidh na hathruithe ina n-athrú chun feabhais. Beidh níos lú comaitéireachta, níos mó ama ann don teaghlach agus do chaitheamh aimsire agus níos lú astaíochtaí gás ceaptha teasa i measc na mbuntáistí a bheidh i gceist. Cruthófar deiseanna úra poist do dhaoine ar mian leo cónaí faoin Tuath in Éirinn, daoine faoi mhíchumais agus daoine ag a bhfuil freagrachtaí cúraim. Feicfidh bailte agus sráidbhailte beaga infheistíocht úr, líon custaiméirí agus caitheamh níos mó. Ach baineann rioscaí leis sin chomh maith. Nílimid ag iarraidh ár dtithe a thiontú go háiteanna oibre i gcás go mbeimid ag smaoineamh ar an obair i gcónaí. Ba mhaith linn na poist a scaipeadh ar bhonn níos cothroime ar fud na tíre, ach ní maith linn go rachadh siad thar lear. Ba mhaith linn an chruthaitheacht agus an nuálaíocht a thagann as daoine a thagann le chéile a choimeád agus ní maith linn dá n-éireadh daoine scoite. Ba mhaith linn go mbeadh lár ár gcathracha ina n-áiteanna beoga i gcónaí.

Mar sin, tá plean de dhíth orainn. Is é *Cianobair a Chumasú – An Straitéis Náisiúnta maidir le Cianobair* go mbeidh an plean sin agus a chur chun feidhme spreagtha ag mo Roinnse. Beidh siad seo a leanas i measc na bpríomhghníomhaíochtaí a dhéanfaimid

- A údarú go mbeidh obair sa bhaile agus cianobair ina ghnáthrud do 20 faoin gcéad d'fhostaíocht na hearnála poiblí
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a ndéileálfar le cianobair chun críocho cánach agus caiteachais don chéad Bhuiséad eile
- Líonra moil chianoibre a mhapáil ar fud na hÉireann agus infheistiú iontu
- Reachtaíocht a rith don cheart chun cianobair a iarraidh
- Cód cleachtas a fhorbairt don cheart chun dícheangail
- Ár ndícheall a dhéanamh dlús a chur le soláthar leathanbhanda ardluais i ngach cuid d'Éirinn

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chur leis an doiciméad seo. Taispeánfaidh sé an bealach.



**Leo Varadkar TD,**  
An Tánaiste agus an tAire Gnó,  
Trádála agus Nuálaíochta

# Achoimre Feidhmiúcháin

**Leis an méadú ar líon na ndaoine atá ag obair sa bhaile mar gheall ar COVID-19 tá cianobair curtha chun tosaigh sa saol oibre. Cé go raibh glacadh na cianoibre ag méadú in Éirinn cheana, chuir COVID-19 dlús faoin treo seo maidir le cianoibre bheith ina chuid den láthair oibre inniu agus san am atá le teacht.**

Cé go raibh an socrú sin tairbhiúil do roinnt daoine, tá sé tábhachtach nach ndéanfaí eispéireas na hoibre sa bhaile a chomhcheangal le linn phaindeim COVID-19 le cianobair faoi ghnáthchás. Bhí dálaí oibre nach raibh chomh maith sin d'fhostóirí agus d'fhostaithe araon mar thoradh ar thabhairt isteach tobann an ollmhéid oibre ón mbaile. Go sonrach, bhí dúshlán shuntasacha le sárú thar an tréimhse sin lena n-áirítear easpa bonnagair don chianobair, timpeallachtaí mí-oiriúnach d'obair ón mbaile agus, ag amanna, neamh-infhaighteacht cúraim leanaí luathfhoghlama agus scolaíochta.

In ainneoin na ndúshlán suntasach sin, tá an tsuim sa chianobair san fhadtéarma fós láidir i measc fostaithe. I dtaighde a rinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2020 fuarthas gur mian le 94 faoin gcéad de na rannpháirtithe a gcuid oibre a dhéanamh go cianda i ndiaidh na géarchéime.<sup>1</sup> Tá an líon sin beagnach 10 faoin gcéad níos airde ná mar a bhí sé sa chéad chéim den taighde a foilsíodh i mí na Bealtaine den bhliain chéanna.<sup>2</sup>

Tá sé mar aidhm leis an Straitéis seo leas a bhaint as an dul chun cinn a rinneadh le glacadh na cainoibre thar an tréimhse sin. Is é an aidhm a chinntiú go mbeidh cianobair ina gné bhuan i láthair oibre na hÉireann ar bhealach lena n-uasmhéadófar tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil.

Tá ról tábhachtach ag an mbeartas poiblí maidir leis an bhfís sin a bhaint amach. Faoi mar atá léirithe i dtuarascáil na Roinne 2019, [Cianobair in Éirinn](#), is féidir tairbhí iomadúla a fháil ó chianobair a chuideoidh le cuspóirí iomadúla beartais phoiblí a bhaint amach. Áirítear leis na tairbhí sin méadú a dhéanamh ar an rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, tallann a mhealladh agus a choinneáil, forbairt réigiúnach ar bhonn cothrom a éascú, brúnna cóiríochta a mhaolú, feabhas a chur ar chothromaíocht oibre is saoil, feabhas a chur ar fholláine leanaí agus teaghlach, an méid ama a chaitear ag comaitéireacht a laghdú, agus astaíochtaí carbóin a bhaineann le hiompar agus truailliú aeir a laghdú.<sup>3</sup>

D'fhéadfadh tionchair shuntasacha a bheith i gceist le méadú ar a gcianobair agus tá an acmhainneacht léi athrú bunúsach a dhéanamh ar cá háit, cén dóigh, cá huair agus cén fáth a n-oibríonn daoine. Dá réir sin, déanfar athrú eacnamaíoch, spásúil, comhshaoil, cultúrtha agus sochaíoch.

Mar sin féin, níl an méadú ar ghlacadh na cianoibre gan a chuid dúshlán. Cuireadh béim i dtaighde ar iarmhairtí éagsúla d'fhostaithe agus d'fhostóirí. I gcás fostaithe, tá nasc ag an gcianobair le héifeachtaí diúltacha ar an meabhairshláinte, agus oibríthe ag mothú go bhfuil siad scoite, agus go mbíonn cumha agus strus orthu. Bíonn deacracht ag fostaithe chomh maith ag stopadh ag smaoineamh ar a gcuid oibre agus uaireanta oibre rialta a choinneáil.

1 [Institiúid Whitaker Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Coimisiún Forbartha an Iarthair \(2020\) - Cianobair le linn COVID-19: Suirbhé Náisiúnta na hÉireann - Tuarascáil Chéim II](#)

2 [Institiúid Whitaker Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Coimisiún Forbartha an Iarthair \(2020\) - Cianobair le linn COVID-19: Suirbhé Náisiúnta na hÉireann - Tuarascáil Tosaigh](#)

3 [An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta \(2019\) - Cianobair in Éirinn](#)



Tá dúshláin os comhair fostóirí chomh maith. In aiseolas a tugadh don Roinn, tugadh chun suntais an dóigh nach dtacaíonn an chianobair go héasca le cruthaitheacht, dinimic grúpaí, úinéireacht chomhroinnte agus comhghleacaíocht. Mura féidir na bacainní sin a shárú, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchair fhadtéarmacha ar tháirgiúlacht gnólaichtaí. Fuarthas i dtaighde chomh maith go bhféadfadh easnamh nuálaíochta a bheith mar thoradh ar chianobair chomh maith mar gheall ar dheacrachtaí ag comhoibriú le comhghleacaithe.<sup>4</sup>

Ar scála níos leithne, d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag an gcianobair chomh maith ar na leibhéil náisiúnta fostaíochta. Agus tóir níos mó agus níos mó ag teacht ar chianobair anois, d'fhéadfadh sé go mbeadh dúshláin i gceist le tallann a mhealladh agus a choinneáil in Éirinn. Cé go bhféadfadh sé go gcuideodh an chianobair le sráidbhailte agus bailte a athbheochan ar fud na hÉireann, d'fhéadfadh dúshláin a bheith mar thoradh air do chathracha toisc go bhféadfadh sé go roghnódh oibrithe oibriú ó shuíomhanna eile.

Rud eile ba cheart a chur san áireamh ná an dóigh a bhféadfadh tionchair fhéideartha infheictheacht laghdaithe na gcianoibrithe dul i gcion ar chomhionannas inscne sa láthair oibre.

Is breithnithe tábhachtacha iad sin ar fad lena gcuirfear bonn eolais faoi cheapadh beartas san am atá le teacht. Tá an Rialtas tiomanta d'éascaíocht a dhéanamh ar an méadú ar ghlacadh na cainoibre ar bhealach lena mbainfear amach na tairbhí go léir agus lena ndéanfar iarmhairtí diúltacha a mhaolú. Déanaimid é sin trí fháil réidh le bacainní, bonneagar a fhorbairt, treoir a thabhairt, feacht a ardú agus ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla.

4 [Microsoft. \(2020\) Athléimneacht a Fhorbairt & Nuálaíocht a Choimeád i Saol Hibride](#)

## Breac-chuntas ar an Straitéis

**Tá an Straitéis maidir le Cianobair forbartha ar thri cholún bhunúsacha a gcuirfear borradh fúthu le coinníollacha buntacaithe.**

Dírítear i gColún a hAon ar thimpeallacht fhabhrach a chruthú le haghaidh ghlacadh na cianoibre. Ós rud é gur rud úr é an chanobair chun bheith ag obair, beidh gá le bearta úra difriúla a chur i bhfeidhm chun tacú léi san am atá le teacht. Beidh tionchair ag athruithe ar an dóigh agus an áit ina n-oibreoidh daoine ar roinnt réimsí éagsúla amhail cearta agus freagrachtaí fostóirí agus fostaithe, reachtaíocht um shláinte agus sábháilteacht agus socruithe cánach. Dírítear na gníomhaíochtaí sa cholún seo ar thacaíocht a thabhairt d'fhostóirí agus d'fhostaithe.

I gColún a Dó cuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann leis an mbonneagar cianoibre a fhorbairt agus a threisiú chun an glacadh méadaithe ar an gcianobair a éascú. Ní mór bonneagar imleor a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh fostóirí agus fostaithe ábalta leas a bhaint as deiseanna cianoibre sa bhaile agus i moil aron.

Dírítear na gníomhaíochtaí sa cholún seo ar fhorbairt agus ar infheistíocht sa bhonneagar náisiúnta mol agus seachadadh náisiúnta leathanbhanda, dhá rud a bheidh ina spreagthaí suntasacha chun cuidiú le daoine oibriú go cianda.

Dírítear Colún a Trí ar na tairbhí a bhaineann leis an gcianobair a uasmhéadú chun spriocanna beartais phoiblí a bhaint amach. Chun é sin a bhaint amach beidh ar lucht déanta beartas bheith ailínithe le fis chomhroinnte agus tacaíthe ag rochtain ar na sonraí is ábhartha chun bonn eolais a chur faoi bheartas a bheidh bunaithe ar fhianaise. Leis na gníomhaíochtaí sa cholún seo cinntefar go mbainfear úsáid as na sonraí agus na cleachtais chomhoibríocha ar an dóigh is fearr chun il-spriocanna beartais an Stáit a bhaint amach.

Cuirtear borradh faoi na colúin sin le coinníollacha buntacaithe. Dírítear na tosca cothrománacha sin ar chur chun cinn na cianoibre agus an dea-chleachtais, agus na scileanna a theastaíonn i leith an ghlactha mhéadaithe. Sa chuid seo cuirtear béim ar an deis atá ag an earnáil phoiblí ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla agus an dea-chleachtas a léiriú d'fhostóirí ar bhonn náisiúnta.

Trí ghníomhaíochtaí a chur chun cinn i ngach ceann de na réimsí sin, bainfidh an Rialtas fíis na Straitéise seo amach – is é sin a chinntiú go mbeidh an chianobair ina gné bhuan i láthair oibre na hÉireann ar bhealach lena n-uasmhéadófar tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil.

## Cuspóir

A chinntiú go mbeidh Cianobair ina Gné Bhuan i Láthair Oibre na hÉireann



## Coinníollacha Buntacaithe

Cur chun Cinn agus Scileanna

## Colún a hAon: Timpeallacht Fhabhrach a Chruthú

1. Reachtaíocht a rith don cheart d'fhostaithe chun cianobair a iarraidh. (DETE, R3 2021)
2. Cód cleachtais a thabhairt isteach maidir leis an gceart chun dícheangail. (DETE, Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, R1 2021)
3. Treoir leanúnach agus cothrom le dáta a chur ar fáil d'fhostóirí agus d'fhostaithe. (DETE, ÚSS, Ar Siúl)
4. Agus na himpleachtaí eacnamaíocha, airgeadais agus eagraíochtúla atá ag teacht chun cinn ó eispéreas na cianoibre le linn na paindéime á gcur san áireamh, déanfaidh an Grúpa Straitéise Cánach athbhreithniú ar na socruithe reatha cánach maidir leis an gcianobair i ndáil le (i) fostaithe, agus (ii) fostóirí, agus déanfaidh siad measúnú ar fhiúntais feabhsuithe eile a bhreithneofar i gcomhthéacs Bhuiséad 2022. (DFIN, R3 2021)

## Colún a Dó: Bonneagar Cianoibre a Fhorbairt agus a Threisiú

1. Infheistíocht shuntasach a dhéanamh i moil agus bonneagar na cianoibre i limistéar nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu chun taca a chur faoi fhorbairt líonra náisiúnta mol. (DRCD - Grúpa Oibre an Líonra Náisiúnta Mol, DETE, R4 2021)
2. Mapáil agus aicmiú mol a leathnú- faoi mar atá curtha i gcrích ag Coimisiún Forbartha an Iarthair ar Chonair Eacnamaíochta an Atlantaigh - ar fud na tíre chun sonraí náisiúnta maidir le bonneagar mol a fhorbairt. (DRCD - Grúpa Oibre an Líonra Náisiúnta Mol, R1, 2021)
3. Sonraí comaitéireachta, scileanna agus saoráidí cúraim leanaí a mhapáil chun bonn eolais a chur faoi chinntí maidir le moil a fhorbairt amach anseo. Lena chois sin, sraith meadarachtaí eacnamaíocha cuí a shainiú chun tionchar na cianoibre (lena n-áirítear moil agus tithe araon) a rianú. (CSO, DETE, DoT, DCEDIY, Tionóil Réigiúnacha, CCMA, EI, R3 2021)
4. Imscrúdú a dhéanamh ar an dóigh ar féidir leas a bhaint as aicmí moil atá ann cheana chun bonn eolais a chur faoi chinntí maoiniúcháin amach anseo. Ba cheart go gcuirfí san áireamh leis sin an dóigh a n-ailíneofar bonneagar mol leis an aistriú go gilleagar ísealcharbóin. (DRCD - Grúpa Oibre an Líonra Náisiúnta Mol, DECC, DTCAGSM, DETE, R3 2021)
5. Iníúchadh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir an Plean Náisiúnta Leathanbhanda a luathú; nascacht a sheachadadh a luaithe is féidir ar fud cheantair thuaithe na hÉireann mar chuid lárnach de bhonneagar na cianoibre. (DECC, R1 2021)

## Colún a Trí: Beartas agus Creat-Treoir maidir le Cianobair a Chruthú

1. Sonraí náisiúnta maidir le teagmhas agus minicíocht na cianoibre, mar chuid d'iarracht níos leithne chun feabhas a chur ar shonraí maidir le socruithe oibre solúbtha, chun bonn fianaise a chur fáil do bheartas amach anseo. (DCEDIY, DETE, CSO, R4 2021)
2. Bonn eolais tras-rannach lárnach a bhunú maidir leis na costais agus na tairbhí a bhaineann le glacadh méadaithe na cianoibre chun tuiscint a fháil ar na tionchair ar réimsí amhail, fostaíocht, iompar, astaíochtaí carbóin, leathanbhanda agus comhionannas. (DETE, DRCD, DoT, DECC, DCEDIY, R4 2021)
3. Cruinnithe de chuid IDG na Straitéise um Chianobair a thionól gach ceithre mhí lena chinntiú go mbeidh ailíniú tras-rannach ann chun tacú le spriocanna níos leithne an Stáit. (DETE, Ar Siúl)

## Coinníollacha Buntacaithe: Cur chun Cinn agus Scileanna

1. Údarás a thabhairt d'fhostóirí na hearnála poiblí, coláistí, agus comhlachtaí poiblí eile aistriú go 20 faoin gcéad d'obair ón mbaile agus de chianobair in 2021. (DPER, R4 2021)
2. Feasacht a ardú maidir le bonneagar mol cianoibre atá in Éirinn cheana (DRCD - Grúpa Oibre an Líonra Náisiúnta Mol, R1 2021)
3. Cianobair a chur chun cinn i measc gnólachtaí. Áirítear air sin feasacht a ardú maidir le hoiliúint ar chianobair agus comhairle a thabhairt faoi na hidirghabhálacha scileanna a theastaíonn chun go n-éireoidh leis an gcianobair. Ba chóir comhairle a thabhairt do ghnólachtaí chomh maith maidir leis an dea-chleachtas i ndáil le comhdheiseanna a chinntiú i measc oibríthe cainoibre agus oibríthe oifige. (EI, ÚFT, WDC, Skillnet Ireland, R1 2021)

# Cianobair a Shainiú

Tagraíonn an téarma ‘cianobair’ do choincheap leathan socraithe i gcás go ndéantar obair go hiomlán nó go páirteach i láthair oibre eile seachas an áit réamhshocraithe oibre. Baintear úsáid as a lán frásaí chun tagairt do chianobair, lena n-áirítear: teilea-obair, ríomhoibriú, obair il-ionaid, obair chliste, teileachomaitéireacht, obair sholúbtha, obair mhoil, obair gan suíomh, obair chomhionaid, obair oifige, obair oifige fíorúla agus ardáin. Tá na coincheapa sin ar fad gaolta agus baineann forluí go méid éigin leo agus is é cianobair an coincheap is fairsinge ina gcuimsítear na téarmaí sin ar fad.

Mar a bhí sé i dtuarascáil 2019 ‘Cianobair in Éirinn’, ghlac an straitéis seo an sainmhíniú ar ‘teilea-obair’ a bhfuil cur síos déanta air sa [Chreat-chomhaontú Forpach 2002](#). Tá an sainmhíniú sin á úsáid i gcomhthéacs na hoibre atá á ndéanamh laistigh den Stát.

Sainítear sa ghluais na focail na frásaí is mó a úsáidtear a bhaineann le cianobair.

*“Cineál eagraithe agus/nó feidhmithe oibre, ag baint úsáid as teicneolaíocht faisnéise, i gcomhthéacs conradh/ caidreamh fostaíochta, i gcás go ndéantar an obair, a d’fhéadfaí a dhéanamh chomh maith ar áitreabh an fhostóra, lasmuigh den áitreabh sin ar bhonn rialta.”*





<b>Téarma</b>	<b>Sainmhíniú</b>
<b>Ríomhoibriú</b>	Is éard is Ríomhoibriú ann modh oibre ina mbaintear úsáid as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide agus i gcás nach bhfuil an obair ceangailte le suíomh faoi leith ar bith. Go traidisiúnta thuigtear sin mar bheith ag obair go cianda lasmuigh den oifig, ón mbaile de ghnáth, go lánaimseartha nó ar feadh tréimhse le linn na seachtaine oibre.
<b>Obair il-ionaid</b>	Tagraíonn obair il-ionaid le patrúin oibre ina n-oibríonn an t-oibrí (cé acu fostaí nó duine féinfhostaithe) ó shuíomhanna féideartha éagsúla lasmuigh d'áitreabh a bhfostóra (mar shampla, sa bhaile, ag áitreabh cliant nó 'ar an mbóthar'), tacaithe ag teicneolaíochtaí nua-aimseartha amhail ríomhaire glúine agus ríomhairí tábléid. Tá sé sin éagsúil ó theilea-obair sa chiall nach bhfuil sé chomh 'áit-cheangailte'.
<b>Obair Chliste</b>	Is éard is obair chliste ann sraith cleachtas lena gcuirtear solúbthacht le modhanna oibre trí réitigh nuálacha. Tá solúbthacht ar réimsí amhail suíomh, sceideal, uaireanta a oibrítear chomh maith le freagracht chomhroinnte ar chuid de tháscairí na stíle sin oibre.
<b>Teileachomaitéireacht</b>	Is éard is teiléachomaitéireacht ann teiléachumarsáid a chur in ionad taisteal comaitéara.
<b>Obair Sholúbtha</b>	Is ionann obair sholúbtha ann agus cineál socraithe oibre lena dtugtar méid éigin solúbthachta maidir le cé chomh fada, cá háit, cá huair agus cad iad na hamanna a oibríonn fostaíthe.
<b>Obair mhoil</b>	Socrú i gcás go n-oibríonn fostaí ó mhol atá gar dá bpobal áitiúil nó laistigh de, ansin amháin nó cuid den am.
<b>Obair gan Suíomh</b>	Ciallaíonn obair gan suíomh poist gan suíomh seasta. Fógraítear poist gan suíomh agus is féidir le hoibríthe cónaí agus oibríú ina rogha suímh.
<b>Obair chomhionaid</b>	Is ionann spás comhionaid agus spás comhroinnte oifige i gcás go spreagtar comhoibriú agus líonrú lasmuigh d'fhoireann nó d'eagraíocht duine.
<b>Oifig Bhaile</b>	Ciallaíonn sé spás oibre nó oifige a chuirtear ar bun i dteach duine éigin agus a úsáidtear go heisiach do ghnó ar bhonn rialta.
<b>Oifig Fhíorúil</b>	Oifig ag a bhfuil seoladh agus uimhir ghutháin, seirbhísí cumarsáide agus riaracháin, agus rochtain ar sheomraí cruinnithe gan gá le spás oifige tiomanta.
<b>Obair Ardáin</b>	Is foirm fostaíochta í obair ardáin ina n-úsáideann eagraíochtaí nó daoine aonair ardán ar líne chun fáil a bheith acu ar eagraíochtaí nó ar dhaoine aonair chun fadhbanna sonracha a réiteach nó chun seirbhísí sonracha a sholáthar mar mhalairt ar íocaíocht.



# Réamhrá

## Comhthéacs agus Breac-Chuntas maidir le hObair san Am a Chuaigh Thart

I mí na Nollag 2019, d'fhoilsigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta<sup>5</sup> an tuarascáil [Cianobair in Éirinn](#). Ba é an cuspóir leis an taighde sin tuiscint a fháil ar leitheadúlacht agus ar chineálacha na socruithe cianoibre laistigh de lucht oibre na hÉireann, na dearcthaí i dtaobh na socruithe sin, agus na tosca a raibh tionchar acu d'fhostóir agus d'fhostaithe atá páirteach i gcianobair. Sainíodh trí phríomhréimse sa tuarascáil nach mór aghaidh a thabhairt orthu lena chinntiú go bhféadfaidh Éirinn na tairbhí a bhaint as an gcianobair: sonraí, comhoibriú agus treoir.

Rinneadh athrú mór ó foilsíodh an tuarascáil seo. Mar thoradh ar an bhfreagairt do COVID-19, spreagadh iad sin atá ábalta oibriú ón mbaile, é sin a dhéanamh. Tá cás éigeandála um obair sa bhaile mar thoradh air sin agus tá a lán oibrithe ag obair go cianda den chéad uair.

Mar fhreagairt tosaigh do na cúinsí athraithe sin, d'fhoilsigh DETE 'Treoir maidir le Cianobair le linn COVID-19' ar a shuíomh gréasáin chun soiléireacht a chur ar fáil d'fhostóirí agus d'fhostaithe maidir le reachtaíocht agus comhairle reatha a bhaineann leis an gcianobair.

I mí Iúil, sheol DETE Comhairliúchán Poiblí maidir le Treoir ar an gCianobair. Lorgaíodh aiseolas sa chomhairliúchán sin maidir leis an gcomhairle atá ann cheana, le tuiscint a fháil ar an dóigh a bhféadfaí feabhas a chuir air agus chun réimse eile maidir le treoir a shainiú a bheadh úsáideach d'fhostóirí agus d'fhostaithe.

Fuair an comhairliúchán 522 aighneacht ó oibrithe, fostóirí, grúpaí gnó, eagraíochtaí ionadaíocha agus grúpaí sainleasa. I bhformhór na n-aighneachtaí cuireadh a dtacaíocht don chianobair in iúl agus chuir a lán dóibh in iúl gur mian leo leanúint ar aghaidh leis an gcianobair amach anseo. Is féidir torthaí iomlána an chomhairliúcháin a fháil ar [shuíomh gréasáin DETE](#).

Bunaithe ar thorthaí an chomhairliúcháin, rinne DETE leathanach gréasáin na treorach a nuashonrú chun teacht le réimsí is ábhar imní atá ag méadú. D'athraigh DETE fócas an leathanaigh ghréasáin chomh maith chun treoir a sholáthar maidir leis an gcianobair san fhadtéarmach. Áirítear anois ar leathanach gréasáin na [Treorach maidir leis an gCianobair seicliosta d'fhostóirí](#) ina ndéantar breac-chuntas ar phríomhbhreithnithe d'fhostóirí a bhfuil sé beartaithe acu socruithe cianoibre a ghlacadh thar an bhfadtéarma. Leanfar leis an leathanach gréasáin a thabhairt chun dáta ar bhonn rialta chun feidmiú mar acmhainn bheo le haghaidh fostóirí agus fostaithe.

Mar sin féin, cé go bhfuil an treoir sin ina céim dhearfach sa treo cheart, ní mór tuilleadh a dhéanamh chun cianobair a éascú chun na tairbhí iomadúla a thairgtear don tsochaí léi a bhaint amach. Áirítear leis an [gClár don Rialtas](#) ilghealltanais ar an topaic sin. Chuige sin, faoi threoir Grúpa Idir-rannach fairsing, forbraíodh an Straitéis seo um Chianobair chun leas a bhaint as na deiseanna a thairgtear leis an gcianobair.

5 Mar thoradh ar aistriú feidhmeanna idir Ranna Rialtais i ndiaidh thoghchán an Rialtais úir i mí an Mheithimh 2020, athraíodh ainm na Roinne ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (DBEI), go dtí an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE) i mí na Samhna 2020. Lena thuiscint go héasca, tagrófar sa doiciméad don Roinn, agus luafar a fhoilseachán, mar DETE ar fud an doiciméid.

## Cúlra

**Is é an fhís don Straitéis seo a chinntiú go mbeidh cianobair ina gné bhuan i láthair oibre na hÉireann ar bhealach lena n-uasmhéadófar tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil.**

Tá ról tábhachtach le himirt ag an Stát maidir leis an bhfís sin a bhaint amach. Mar a achoimrítear sa tuarascáil 'Cianobair in Éirinn', cuideoidh na tairbhí is féidir a bhaint amach leis an gcianobair le beartais phoiblí iomadúla a chur chun feidhme. Áirítear leis na tairbhí sin méadú a dhéanamh ar an rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, tallann a mhealladh agus a choinneáil, forbairt réigiúnach ar bhonn chothrom a éascú, brúnna cóiríochta a mhaolú, feabhas a chur ar chothromaíocht oibre is saoil, feabhas a chur ar fholláine leanaí agus teaghlach, an méid ama a chaitear ag comaitéireacht a laghdú, agus astaíochtaí carbóin a bhaineann le hiompar agus truailliú aeir a laghdú.

D'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag na tairbhí sin ar an ngeilleagar agus ar shaol na ndaoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn araon. Mar shampla, leis an gcianobair soláthraítear an deis an brú tráchta ar ár mbóithre a laghdú. In 2017, fuarthas i dtaighde a rinneadh thar ceann DE TE gurbh é 30.5 nóiméad an meán-am comaitéireachta dóibh siúl a raibh cónaí orthu i mBaile Átha Cliath. Measadh sa staidéar gurb ionann an costas ar an ngeilleagar maidir le ham comaitéireachta do dhuine amháin i mBaile Átha Cliath agus thart ar €4,000.<sup>6</sup> Léiríonn sa Daonáireamh is déanaí go raibh an líon daoine a bhí ag taisteal chun na oibre, in 2016, ag méadú go mór, méadú 11 faoin gcéad i gcomparáid leis an Daonáireamh roimhe sin. Léiríodh leis na sonraí chomh maith go raibh méadú 8 faoin gcéad tagtha ar líon na ndaoine a bhí ag taisteal i gcarranna.<sup>7</sup> Soláthraíonn an chianobair an deis na líonta sin a laghdú amach anseo.

Le laghdú ar líon na gcomaitéirí agus ar an am comaitéireachta, tiocfaidh laghdú ar na hastaíochtaí carbóin iompair le himeacht ama. Ag brath ar phatrúin na cianoibre, d'fhéadfadh coigilteas dá leithéid, áfach, a chúiteamh sa ghearrthéarma trí mhéadú ar astaíochtaí ó fhoirgnimh, go háirithe in áiteanna cónaí baile. Léiríodh le hobair roimhe seo sa réimse sin, do gach chianoibrí lánaimseartha úr, go bhféadfadh meánchoigilteas meastachán d'astaíochtaí a bhaineann le hiompar laethúil de thart ar 2.6-2.9kg CO<sub>2</sub>, ag brath ar an meascán breosla peitрил/díosail a bhaint amach. Tá an anailís sin á tabhairt cothrom le dáta faoi láthair ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt gníomhaíochtaí úra chun tacú le laghdúithe astaíochtaí na hÉireann go dtí 2030 faoi Phlean Gníomhaíochta na hÉireann don Aeráid. Cuirfear tionchar na cianoibre ar thurais comaitéirí san áireamh mar chuid den athbheithniú atá le teacht ar an [bPlean Forbartha Náisiúnta](#).

Tá an acmhainn leis an gcianobair chomh maith feabhas a chur ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair i measc cohórt lena mbaineann rátaí rannpháirtíochta níos ísle, amhail daoine faoi mhíchumais, oibríthe scothaosta<sup>8</sup> agus daoine ag a bhfuil freagrachtaí cúraim. I gcás daoine faoi mhíchumas nó a bhfuil tinneas ainsealach orthu, tairgeann an chianobair deis shuntasach trí chomaitéireacht a bhaint agus sceideal níos solúbtha a éascú. D'fhéadfadh cianobair fhairsing daoine faoi mhíchumas a mhealladh isteach sa lucht oibre agus timpeallacht níos fearr á cruthú do dhul chun cinn gairme.

D'oibríthe scothaosta, tá socruithe cianoibre tábhachtach chun fostaíocht inbhuanaithe a éascú. D'fhéadfadh na socruithe feidhmiú mar bhealach chun an t-athrú ón obair go dul ar scor a éascú, rud a chuirfidh saol oibre níos faide chun cinn.

Dóibh siúd ag a bhfuil freagrachtaí cúraim, d'fhéadfadh sé go mbeadh tairbhe dhearfach ag an gcianobair ar thuismitheoirí, trí dheis a thabhairt dóibh oibriú de réir sceideal a fhreastalaíonn ar a n-éilimh phearsanta agus ghairmiúla araon. Go sonrach, d'fhéadfadh sé a bheith níos éasca leis an gcianobair do mhná ag a bhfuil teaghlach fanacht sa lucht oibre nó dul ar ais ann.

6 [An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta \(2018\) - Cianobair in Éirinn - Athbheithniú Indecon ar Shambail Bhreithmheasa Eacnamaíoch na nGníomhaireachtaí Fiontraíochta in Éirinn](#)

7 [An Phríomh-Oifig Staidrimh \(2017\) - Daonáireamh 2016 Ag Comaitéireacht in Éirinn](#)

8 Oibríthe 55 bliain d'aois nó níos sine



Leis an gcianobair soláthraítear an deis le haghaidh cothromaíocht oibre is saoil agus tugann sí deis do theaghlaigh níos mó ama a chaitheamh le chéile. Maidir leis sin, tá maolú na gcostas maidir le cúram leanaí luathfhoghlama ina thairbhe shuntasach den chianobair. In Éirinn, is ionann an glanchostas ar luathfhoghlaim agus ar chúram leanaí agus 28 faoin gcéad de mheánphá lánúine, agus meán an Aontais Eorpaigh i bhfad níos lú ag 12 faoin gcéad.<sup>9</sup> Léiríodh i dtaighde le déanaí ó Barnardos gur mian le tuismitheoirí leanaí óga níos mó ama a chaitheamh lena bpáistí agus go ndéanadh cúram leanaí inacmhainne ar ardchaighdeán an difear is mó dóibh mar thuismitheoir.<sup>10</sup>

Tugadh chun suntais i dtaighde eile gur gá d'fhostóirí tuismitheoirí coinníollacha oibre níos solúbtha a ghlacadh agus tacú níos mó le teaghlaigh chun cothromaíocht saoil is oibre a chur chun cinn.<sup>11</sup> Cé nár cheart cianobair a chur in ionad cineál ar bith eile cúraim leanaí choíche, soláthraíonn sé níos mó solúbthachta do theaghlaigh ar féidir leo a roghanna luathfhoghlama agus cúraim leanaí a bhunú thart air.

Leis an gcianobair chomh maith soláthraítear an deis chun brúnna cóiríochta a mhaolú i gcathracha ina bhfuil méadú suntasach thar an meán náisiúnta ar phraghsanna cíosa agus tí mar gheall ar an éileamh. Leis an gcianobair is féidir cuidiú le hoibrithe bogadh go suíomhanna uirbeacha agus tuaithe nach bhfuil chomh plódaithe, rud a thacóidh le forbairt réigiúnach ar bhonn cothrom. Tá méadú tagtha ar an tsuim i réadmhaoine tuaithe cheana mar gheall ar thosú tapa na cianoibre. De réir anailíse ó MyHome.ie, tá méadú faoi shé tagtha ar réadmhaoine faoi €100,000 i gcontaetha Chorcaí agus Liatroma, agus faoi chúig i gcontaetha na Gaillimhe, Loch Garman, agus Mhaigh Eo. Anuas air sin, tháinig méadú faoi ocht ar chuardaigh ar réadmhaoine atá luacháilte faoin €300,000 i gCorcaigh agus i Loch Garman agus is féidir na patrúin sin a fheiceáil ar fud na tíre.<sup>12</sup>

I dtaighde a rinne Institiúid Whitaker Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Coimisiún Forbartha an Iarthair i measc fostaithe, chuir 23 faoin gcéad de na freagróirí in iúl, bunaithe ar a n-eispéreas cianoibre, go smaoiníodh siad ar athlonnú go dtí suíomh eile in Éirinn. Dúirt 16 faoin gcéad eile go bhféadfadh sé go smaoiníodh siad ar athlonnú. Go suimiúil, chuir 7 faoin gcéad de na freagróirí in iúl gur athlonnaigh siad cheana mar gheall ar a n-eispéreas cianoibre le linn COVID-19.<sup>13</sup>

Faoi mar a cuireadh i láthair trí na tairbhí féideartha a pléadh thuas, beidh tionchair na cianoibre suntasach agus tá scála na ndeiseanna a cuireadh i láthair substaintiúil. Tá an acmhainn leis an méadú ar a gcianobair athrú bunúsach a dhéanamh ar cá háit, cén dóigh, cá huair agus cén fáth a n-oibríonn daoine. Mar thoradh air sin, déanfar athrú eacnamaíoch, spásúil, comhshaoil, cultúrtha agus sochaíoch agus is dócha go mbeidh iarmhairt mar thoradh air nach féidir linn iad a shamhlú faoi láthair.

Tacóidh glacadh méadaithe na cianoibre le réimse leathan spriocanna beartais náisiúnta. Tá líon suntasach de mhoil chianoibre ar fud na tíre cheana ar acmhainn eacnamaíoch náisiúnta, réigiúnach agus réigiúnach iad. Leis sin soláthraítear an deis don Stát na saoráidí sin a ailíniú le forbairt bonneagair do luchtú feithiclí leictreacha, do siúl agus do rothaíocht. Cuirtear deiseanna iontach ar fáil chomh maith le hailíniú idir cianobair agus athghiniúint lár bailte, cur chun cinn na sláinte agus saorálaíochas pobail.

9 [An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais \(2019\) - An Costas maidir le Gnó a Dhéanamh in Éirinn](#)

10 [Suirbhé Barnardos \(2018\) - Mothaíonn 95% de Thuismitheoirí Trína Chéile ag Amanna](#)

11 [Fondúireacht Katherine Howard \(2018\) Giving our Children the Best Start in Life: The Voices of Parents. Baile Átha Cliath.](#)

12 [Hunt, J. \(2020\) 'Interest in coastal cottages doubles as online property searches surge 50%'. The Irish Times. 15 Deireadh Fómhair](#)

13 [Institiúid Whitaker Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Coimisiún Forbartha an Iarthair \(2020\) - Cianobair le linn COVID-19: Suirbhé Náisiúnta na hÉireann - Tuarascáil Chéim II](#)



Mar sin féin, níl cianobair gan a cuid dúshlán. D'oibríthe, sainaithníodh i dtaighde go bhféadfadh éifeachtaí diúltacha a bheith ag an gcianobair ar an meabhairshláinte, agus fostaithe ag mothú go bhfuil siad scoite agus go mbíonn cumha agus strus orthu. D'fhéadfadh tionchair na mothúchán sin a bheith éagsúil ag brath ar cá háit agus an dóigh a bhfuil fostaí ag obair. Bíonn sé deacair ag fostaithe chomh maith gan a bheith ag smaoineamh ar a gcuid oibre agus mothaíonn siad go gcaithfidh siad níos mó uaireanta a oibriú.

Tá dúshlán os comhair fostóirí chomh maith. In aiseolas a thug fostóirí don Roinn, tugadh chun suntais an dóigh nach dtacaíonn an chianobair go héasca le cruthaitheacht, dinimic grúpaí, úinéireacht chomhroinnte agus comhghleacaíocht. Mura féidir na bacainní sin a sháru, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchair fhadtéarmacha ar tháirgiúlacht gnólachtaí. Fuarthas i dtaighde chomh maith go bhféadfadh easnamh nuálaíochta a bheith mar thoradh ar chianobair mar gheall ar dheacrachtaí ag comhoibriú le comhghleacaithe.<sup>14</sup>

Ar scála níos leithne, d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag an gcianobair chomh maith ar na leibhéal náisiúnta fostaíochta. Agus tóir níos mó agus níos mó ag teacht ar chianobair anois, d'fhéadfadh sé go mbeadh dúshlán i gceist le tallann a mhealladh agus a choinneáil in Éirinn. Cé go bhféadfadh sé go gcuideodh an chianobair le sráidbhailte agus bailte a athbheochan ar fud na hÉireann, d'fhéadfadh dúshlán a bheith mar thoradh air do chathracha toisc go bhféadfadh sé go roghnódh oibríthe oibriú ó shuíomhanna eile. Rud eile ba cheart a chur san áireamh ná an dóigh a bhféadfadh tionchair fhéideartha infheictheacht laghdaithe na gcianoibríthe dul i gcion ar chomhionannas inscne sa láthair oibre.

Is breithnithe tábhachtacha iad sin ar fad lena gcuirfear bonn eolais faoi cheapadh beartas san am atá le teacht. Tá an Stát tiomanta d'éascaíocht a dhéanamh ar an méadú ar ghlacadh na cainoibre ar bhealach lena mbainfear amach na tairbhí go léir agus lena ndéanfar iarmhairtí diúltacha a mhaolú.

Tá an chianobair ina príomhbhreithniú cheana i ndoiciméid bheartais an rialtais amhail an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta, an Plean Gníomhaíochta don Aeráid, an tionscnamh maidir le Cónaí i Lár na Cathrach, an Beartas um Thaisteal Cliste agus an Beartas um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe atá le teacht. Tá an Stát tiomanta do ghlacadh na cianoibre a mhéadú in Éirinn trí bhacainní a bhaint, bonneagar a fhorbairt, treoir a thabhairt, feasacht a ardú agus ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla sa réimse seo.

Mar sin féin, ní féidir leis an Stát dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gcianobair leis féin. Beidh an ról ríthábhachtach ag fostóirí an clár oibre um chianobair a chur chun cinn. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí fostóirí a ngnóthaí a athbhreithniú lena chinneadh an bhfuil cianobair oiriúnach dá samhail ghnó. Cé go bhfuil an chianobair ina rogha dá lán fostóirí, níl gach ról comhoiriúnach do shocruithe cianoibre.

Mar shampla, d'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé sin ról ina ndéanann fostaithe líon mór tascanna láimhe nó fostaithe a chaithfidh bheith ar an láithreán go pearsanta lena gcuid oibre a dhéanamh. D'fhostóirí a roghnaíonn an chianobair a ghlacadh, beidh sé ríthábhachtach dá rath go ndéanfaí siad athbhreithniú ar a gcórais agus ar a bpróisis lena chinntiú go dtacófar lena bhfostaithe san aistriú seo.

Tá sé forthábhachtach go bpléifidh fostóirí socruithe cianoibre lena bhfostaithe agus go dtiocfaidh siad le chéile chun na himpleachtaí, costais agus ionchais a bhainistiú. Áirítear leis sin gníomhaíochtaí amhail beartas maidir le cianobair a chur chun feidhme ina leagtar amach critéir shoiléire faoina féidir le fostaithe cianobair a iarraidh, próiseas athbhreithnithe nó achomhairc a chur ar bun dóibh siúd a dhiúltófar agus oiliúint imleor a chur ar fáil do na baill foirne uile. Ní mór d'fhostóirí a chinntiú chomh maith go bhfuil reachtaíocht um chearta fostaíochta agus um chaidreamh tionsclaíoch á comhlíonadh acu, lena n-áirítear na cinn nach mór cloí leo i gcomhréir le príobháideacht fostaí.

14 [Microsoft. \(2020\) Athléimneacht a Fhorbairt & Nuálaíocht a Choimeád i Saol Hibride](#)

## Tionchar COVID-19 ar an gCianobair

Leis an méadú ar líon na ndaoine atá ag obair sa bhaile mar gheall ar COVID-19 tá cianobair curtha chun tosaigh sa saol oibre. Cé go raibh an socrú sin tairbhiúil do roinnt daoine, tá sé tábhachtach a aithint nár cheart cianobair a cuireadh chun feidhme mar gheall ar an bhfreagairt do COVID-19 a chomhcheangal le cianobair faoi ghnáthchás. Bhí dálaí oibre nach raibh chomh maith sin d'fhostóirí agus d'fhostaithe araon mar thoradh ar thabhairt isteach tobann an ollmhéid oibre ón mbaile. Go sonrach, bhí dúshlán shuntasacha le sárú thar an tréimhse sin ó easpa bonneagair don chianobair, timpeallachtaí mí-oiriúnach d'obair ón mbaile agus, ag amanna, neamh-infhaighteacht cúraim leanaí luathfhoghlama agus scolaíochta.

In ainneoin na ndúshlán suntasach sin, áfach, tá an tsuim san aistriú go cianobair san fhadtéarma fós láidir i measc fostaithe. Rinne Institiúid Whitaker Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Coimisiún Forbartha an Iarthair staidéar bunaithe ar fhreagairtí ó fhostaithe ó réimse leathan tionscal agus earnálacha thar thréimhse seachtaine ag tús mhí Dheireadh Fómhair 2020. Fuarthas sa staidéar gur mian le 94 faoin gcéad de na rannpháirtithe a gcuid oibre a dhéanamh go cianda i ndiaidh na géarchéime.<sup>15</sup> Bhí an líon sin níos mó ná an chéad chéim den taighde a rinneadh i mí na Bealtaine, ina bhfuarthas gurbh fhearr le 83 faoin gcéad de na freagróirí oibriú go cianda.<sup>16</sup>

Rinne an ceardchumann Fórsa Suirbhé chomh maith ar an topaic sin i mí Iúil 2020. Le 4,335 freagróir, ón tSeirbhís Phoiblí den chuid ba mhó, fuarthas sa suirbhé go mbeadh suim ag 86 faoin gcéad de na freagróirí i gCianobair amach anseo.<sup>17</sup>

Bhí torthaí comhchosúla ag baint leis an dá shuirbhé maidir leis na buntáistí agus na dúshlán a bhaineann leis an gCianobair, ag léiriú gurb iad na príomhbhuntaistí a bhaineann leis an gCianobair solúbthacht mhéadaithe agus deireadh le comaitéireacht. Go suimiúil, tagann torthaí na suirbhéanna sin go mór le torthaí Shuirbhé Fostaithe DETE maidir leis an gCianobair a rinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2019.

Tá tóir i measc oibríthe ar shamhail hibride oibríthe inar féidir cothromaíocht a fháil idir éifeachtúlachtaí agus caighdeán na beatha ón gCianobair mar aon leis na tairbhí a bhaineann le bheith ag caidreamh go sóisialta le daoine eile. I suirbhé Fórsa, léirigh os cionn 80 faoin gcéad dóibh siúd a bhfuil suim acu sa chianobair gur fearr leo socrú hibride ina n-oibríonn siad sa bhaile corruair agus sa láthair oibre corruair eile. Agus i staidéar Institiúid Whitaker Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Choimisiún Forbartha an Iarthair léirigh 67 faoin gcéad de na freagróirí gur mian leo oibriú go cianda cúpla uair sa tseachtain nó sa mhí.

Bhí éifeacht throm ag na srianta scartha shóisialta, a cuireadh chun feidhme mar fhreagairt do phaindéim COVID-19, ar ghlacadh cleachtas cianoibre. Tá athrú suntasach fadtéarmach tagtha ar dhearccháid maidir leis an gCianobair i measc fostóirí agus oibríthe araon ar fud na tíre.

Agus an tsúil go leanfar ar aghaidh leis an gCianobair agus gur mian le formhór na bhfostaithe samhail hibride a ghlacadh, tairgeann moil chianoibre acmhainn shuntasach. Is féidir le hoibriú ó mhoil bheith ina chuidiú le dul i ngleic leis na rioscaí atá ar an eolas maidir le scoitheadh agus cumha agus le forbairt réigiúnach ar bhonn cothrom. Le moil d'fhéadfaí deis a thabhairt d'oibríthe cónaí agus oibriú ina rogha áite, amanna comaitéireachta a laghdú agus brú tráchta a laghdú. D'fhéadfaí deis a thabhairt d'fhostóirí leo chomh maith a gcostais ghnó a laghdú, coimeád foirne a fheabhsú agus rochtain a bheith acu ar bhuíon tallainne níos mó.

15 [Institiúid Whitaker Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Coimisiún Forbartha an Iarthair \(2020\) - Cianobair le linn COVID-19: Suirbhé Náisiúnta na hÉireann - Tuarascáil Chéim II](#)

16 [Institiúid Whitaker Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Coimisiún Forbartha an Iarthair \(2020\) - Cianobair le linn COVID-19: Suirbhé Náisiúnta na hÉireann - Tuarascáil Tosaigh](#)

17 [Fórsa \(2020\) - Comhairliúchán Poiblí maidir ar an Treoir maidir le Cianobair](#)

## Cianobair agus Táirgiúlacht

D'fhéadfadh socrúithe cianoibre dul chun tairbhe gnólachtaí trí rochtain a fháil ar bhuíon tallainne níos leithne, coimeád a chur chun cinn, agus feabhas a chur ar chost-éifeachtúlacht agus iad i mbun bealaí níos inbhuanaithe oibre. Tagann méaduithe ar tháirgiúlacht ó chianoibrithe a bhaineann leas as timpeallacht oibre níos ciúine trínar féidir leo díriú ar thascanna níos casta agus ó laghdú ar shaoire bhreitheachta. Mar sin féin, teastaíonn teicneolaíocht dhóthanach chun cianobair a éascú agus tacú léi chun an táirgiúlacht a fheabhsú. Caithfidh bunuirlisí comhoibrithe agus líonraithe, gléasanna móibleacha agus bonneagar líonra tacúil bheith ann chun torthaí táirgiúla a bhaint amach i gcomhthéacs na cianoibre.

Bhí torthaí measctha ar staidéir ina ndearnadh táirgiúlacht agus cianobair a thomhas. Mar atá sonraithe sa tuarascáil 'Cianobair in Éirinn', léiríodh méadú ar tháirgiúlacht cianoibrithe i dtaighde a rinne Ollscoil Melbourne<sup>18</sup> agus Ollscoil Standard.<sup>19</sup>

Rinne taighdeoirí iarracht táirgiúlacht a thomhas le linn COVID-19 le déanaí. Bhí torthaí measctha mar thoradh ar na staidéir sin. Tá sé tábhachtach a shonrú go gcuimsítear sna staidéir sin fostóirí agus fostaithe a bhí ag oibriú go cianda i gcás éigeandála tobann agus nach tástáil chothrom iad ar chianobair faoi dhálaí beartaithe agus rialta. Mar sin féin, fuarthas i dtaighde ón tSeapáin gur tháinig laghdú ar an táirgiúlacht dóibh siúd a bhí ag obair ón mbaile i gcomparáid leis an oifig.<sup>20</sup> Ag teacht salach air sin, fuarthas i dtaighde a bhain le 9,000 bainisteoir agus fostaí i ngnólachtaí móra i 15 thír Eorpacha go raibh an táirgiúlacht i gcuideachtaí a d'aistrigh go cianobair seasta nó go raibh sé méadaithe d'fhormhór na gcuideachtaí.<sup>21</sup>

Fuarthas i suirbhé fostóirí, a rinne Institiúid Chairte um Fhorbairt Phearsanra na Ríochta Aontaithe, bunaithe ar bhraistintí fostóirí, gurbh bheag an tionchar forbartha ar an táirgiúlacht le linn na géarchéime. Sa suirbhé dúirt 37 faoin gcéad de na fostóirí nach raibh tionchar ar bith ar an táirgiúlacht. Ar an iomlán, bhí cosúlacht idir líon na bhfostóirí a bhraith éifeachtaí dearfacha (30 faoin gcéad) agus líon na bhfostóirí a bhraith éifeachtaí diúltacha (28 faoin gcéad).<sup>22</sup>

Fuarthas i suirbhé Institiúid Whitaker Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Choimisiún Forbartha an Iarthair gur bhraith a bhformhór gur tháinig méadú ar a dtáirgiúlacht. Sa suirbhé d'aontaigh 62 faoi gcéad de dhaoine nó d'aontaigh siad go mór gur mhéadaigh an chianobair a dtáirgiúlacht, agus d'eaontaigh 14 faoin gcéad nó d'eaontaigh siad go láidir leis sin, agus chuir 14 faoin gcéad in iúl nár tháinig athrú ar bith ar a dtáirgiúlacht.<sup>23</sup>

Ar deireadh, tá sé deacair tionchar na cianoibre ar an táirgiúlacht le linn COVID-19 a thomhas. Le haghaidh go leor daoine, bhí an t-aistriú go cianobair neamhthoiliúil toisc mar gheall ar bhearta scartha fhisiciúil b'éigean do láithreacha oibre an chianobair a thabhairt isteach go gasta ar scála mór. Mar gheall ar an aistriú éigeantach go cianobair ní raibh an bonneagar riachtanach ag go leor oibrithe a theastaíonn le haghaidh cianobair éifeachtach. Lena chois sin, is féidir laghduithe tuairiscithe ar an táirgiúlacht bheith mar gheall ar a lán cúiseanna lena n-áirítear: an t-aistriú go cianobair a tharla le linn an struis bhreise de dheasca COVID-19; brúnna breise roimh thuismitheoirí a bhí ag tabhairt aire dá leanáí mar gheall ar dhúnadh scoileanna agus socrúithe luathfhoghlama agus cúraim; agus cuideachtaí a chuaigh i mbun cianoibre den chéad úr nach raibh mothú pobail bunaithe acu fós agus nach raibh sreabhadh cumarsáide cinntithe acu fós.

Tá cianobair ar bun go forleathan anois ó thosaigh paidéim COVID-19 agus is cosúil go mbeidh sí ina gné bhuan don timpeallacht oibre amach anseo. Mar sin féin, níl an éifeacht atá ag an gcianobair ar an táirgiúlacht fós soiléir.

18 [Bosua, Rachele & Gloet, Marianne & Kurnia, Sherah & Mendoza, Antonette & Yong, Jongsay. \(2012\). Teileobair. Táirgiúlacht agus Folláine. Telecommunications Journal of Australia.](#)

19 [Nicholas Bloom & James Liang & John Roberts & Zhichun Jenny Ying. \(2015\) "Does Working from Home Work? Evidence from a Chinese Experiment." The Quarterly Journal of Economics, Oxford University Press, iml. 130\(1\)](#)

20 [Morikawa Masayuki. \(2020\). "Productivity of Working from Home during the COVID-19 Pandemic: Evidence from an Employee Survey." Taighde Institiúid Eacnamaíochta, Trádála agus Tionscail \(RIETI\).](#)

21 [Microsoft. \(2020\) Athléimneacht a Fhorbairt & Nuálaíocht a Choimeád i Saol Hibride](#)

22 [CIPD. \(2020\) Embedding new ways of working: implications for the post-pandemic workplace. Londain: An Institiúid Chairte um Phearsanra agus Forbairt.](#)


23 [Institiúid Whitaker Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Coimisiún Forbartha an Iarthair \(2020\) - Cianobair le linn COVID-19: Suirbhé Náisiúnta na hÉireann - Tuarascáil Chéim II](#)

# Gníomhaíochtaí

Is é fíís an Rialtais a chinntiú go mbeidh cianobair ina gné bhuan i láthair oibre na hÉireann ar bhealach lena n-uasmhéadófar tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil.

Chun é sin a bhaint amach, tá an Straitéis maidir le Cianobair forbartha ar thrí cholún a gcuirfear borradh fúthu le coinníollacha buntacaithe. I ngach ceann de na réimsí sin ní mór gníomhaíochtaí a dhéanamh láithreach lena gcuirfear cianobair chun cinn anois agus lena gcuirfear bonn eolais faoi chinnteoireacht amach anseo.

Bainfear costais na ngníomhaíochtaí sin amach laistigh de chlúdaigh acmhainní reatha agus bheartaithe.





# 1. Timpeallacht Fhabhrach a Chruthú

Tá timpeallacht fhabhrach don chianobair riachtanach chun a glacadh méadaithe a éascú. Bealach úr le hoibriú is ea an chianobair agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le bearta úra difriúla a chur i bhfeidhm ina leith chun tacú léi san am atá le teacht. Beidh tionchair ag athruithe ar an dóigh agus an áit ina n-oibreoidh daoine ar roinnt réimsí éagsúla amhail cearta agus freagrachtaí fostóirí agus fostaithe, reachtaíocht um shláinte agus sábháilteacht agus socruithe cánach. Beidh gá le tacaíocht a thabhairt d'fhostóirí agus d'fhostaithe agus iad ag aistriú go roghanna méadaithe cianoibre.

Tá cruthú [leathanach gréasáin](#) DETE ar an 'Treoir maidir le Cianobair' ina chéad chéim mhaith i dtreo treoir mhéadaithe a chur ar fáil d'fhostóirí agus d'fhostaithe a bhfuil suim acu dul i mbun na cianoibre. Sa leathanach gréasáin seo tugtar le chéile na dlíthe, rialacháin agus treoirlínte reatha atá i bhfeidhm maidir le fostóirí agus fostaithe atá i mbun cianoibre. Áirítear leis chomh maith [seicliosta fostóirí](#) do na fostóirí siúd atá ag smaoineamh ar shocruithe cianoibre a ghlacadh san fhadtéarmach. Déanfar an leathanach gréasáin a nuashonrú ar bhonn leanúnach de réir mar a fhorbrófar treoir úr, ag feidhmiú mar acmhainn bheo le haghaidh fostóirí agus fostaithe.

Mar sin féin, ní mór bearta eile a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh siad siúd a ghlacfaidh an chianobair tacaíthe ag timpeallacht a éascaíonn roghanna cianoibre.

## An Ceart chun Dícheangail

Leis an méadú ar ghlacadh na cianoibre tá ceisteanna úra maidir le cá huair agus cén dóigh a n-oibrímid chun tosaigh sa saol oibre. De dheasca dul chun cinn sa teicneolaíocht beidh fostaithe ar fáil ar bhonn go seasta ar bhealaí nach raibh siad riamh. D'fhéadfadh sé sin brú ar chur ar fhostaithe bheith ar dualgas an t-am ar fad. Le tosú tobann na cianoibre, mar thoradh ar COVID-19, fágadh go bhfuil na teorainneacha idir saol gairmiúil agus príobháideach daoine éirithe doiléir.

Tugtar an 'ceart chun dícheangail' ar cheart oibrí éirigh as a gcuid oibre agus staonadh ó chumarsáid leictreonach a bhaineann leis an obair, amhail ríomhphoist nó teachtaireachtaí eile le linn uaireanta lasmuigh den obair agus laethanta saoire.<sup>24</sup>

In Éirinn, tá an réimse sin rialaithe leis an Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997. Faoi Acht sin, is faoi na fostóirí atá sé a chinntiú go dtabharfar go leor ama ar shiúl óna gcuid oibre le haghaidh scíthe d'fhostaithe. Tugtar eolas san Acht maidir leis na sosanna, na huaireanta scíthe as a chéile, agus an tsaoire bhliantúil ba cheart a thabhairt d'fhostaithe. Déanann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre an tAcht a fhorfheidhmiú.

Léiríodh dearcthaí measctha maidir leis an topaic sna haighneachtaí chuig an gComhairliúchán Poiblí ar an Treoir maidir le Cianobair. Mar sin féin, ba théama coiteann ar fud na n-aighneachtaí nár cheart d'fhostaithe níos mó uaireanta oibre a chur isteach, nó mothú go bhfuil sé de dhualgas orthu níos mó uaireanta oibre a chur isteach nuair atá siad bunaithe ar líne. Aithníodh go raibh deacrachtaí ag fostaithe maidir le teorainneacha a choimeád agus dícheangal óna gcuid oibre. Ba é an difríocht a bhí sna haighneachtaí an cheist faoi an raibh gá le reachtaíocht shonrach úr maidir leis an gceart chun dícheangail. Tugadh chun suntais go bhféadfadh go mbainfeadh ró-rialachán maidir leis an gchianobair an bonn dá solúbthacht, ceann dá tairbhí bunúsacha. Ardaíodh buarthaí chomh maith i gcomhthéacs conas a rachadh reachtaíocht dá leithéid i gcion ar fhostóirí a oibríonn i gcriosanna ama éagsúla chun freastal ar sceidil éagsúla.

Tá a fhios ag an Rialtas faoin ngá atá leis an gcothromaíocht cheart a fháil. Cé nach mbaineann an ceart chun dícheangail leis an gchianobair amháin, is léir go raibh deacrachtaí ag fostaithe le linn shrianta COVID-19 le dícheangal óna gcuid oibre. Lena chinntiú go ndéanfar fostaithe a chosaint ar bharraíocht oibre, d'iarr an Rialtas ar an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre cód cleachtais a dhréachtú sa réimse seo a fhaomhfaidh an tAire. Beifear ábalta féachaint ar an gcód cleachtais i ndíospóidí agus i mbreithnithe.

24 [Eurofund \(Deireadh Fómhair 2019\) An Ceart chun Dícheangail](#)

## An Ceart chun Cianobair a Iarraidh

Tugadh dearfach ginearálta chun suntais in aighneachtaí chuig an gComhairliúchán Poiblí chomh maith maidir leis an gcianobair. Is é sin smaoineamh a bhí follasach i suirbhéanna le déanaí a rinneadh in 2020 chomh maith, agus a lán fostaithe ag iarraidh leanúint leis an gcianobair, go méid áirithe, san fhadtearma. Fuarthas i staidéar Institiúid Whitaker Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i mí Dheireadh Fómhair 2020 gur mian le 94 faoin gcéad de na rannpháirtithe oibriú go cianda i ndiaidh na géarchéime.<sup>25</sup> Ba mhéadú é sin ón gcéad chéim den taighde, a foilsíodh i mí na Bealtaine 2020, ina bhfuarthas gurbh fhearr le 83 faoin gcéad de na freagróirí oibriú go cianda.<sup>26</sup>

I mí Lúnasa 2019, tháinig an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil i bhfeidhm i mBallstáit AE. Tugadh isteach leis an Treoir sraith gníomhartha reachtacha úra a dhírítear ar thacaíocht níos fearr a thabhairt don chothromaíocht saoil is oibre do thuismitheoirí agus do chúramóirí. Cuimsítear sa Treoir sin an ceart chun socrúithe oibre solúbtha a iarraidh do chúramóirí agus do thuismitheoirí atá ag obair ag a bhfuil leanaí suas go dtí ocht mbliana d'aois. Tá trí bliana ag na Ballstáit chun cloí leis na Treoir.

Tá an sainmhíniú ar obair sholúbtha i bhfad níos leithne ná cianobair agus d'fhéadfadh sé go gcuimseofaí ann an deis obair a thosú agus a chríochnú ag amanna éagsúla, uaireanta teoranta a oibriú, rochtain a bheith ar fhleisc-am, agus roghanna maidir le hobair chomhroinnte.

In Éirinn faoi láthair, is féidir le gach fostaí an ceart chun cianobair a dhéanamh a iarraidh óna bhfostóirí ach níl creat dlíthiúil ar bith ann faoina bhféadfaí iarratas dá leithéid a chuimsiú. Trí reachtaíocht a thabhairt isteach maidir leis an topaic seo soláthrófar creat d'fhostaithe faoinar féidir iarratas dá leithéid a bhunú. Mar an gcéanna d'fhéadfadh sé soiléireacht a chur ar fáil d'fhostóirí maidir le déileáil le hiarratais den sórt sin.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) an comhlacht atá freagrach as sláinte agus sábháilteacht sa láthair oibre in Éirinn. Tá sé déanta soiléir ag ÚSS gur faoin bhfostóir atá an tsláinte agus an tsábháilteacht cé acu an bhfuil an obair á déanamh go cianda nó nach bhfuil. I mí Dheireadh Fómhair 2020, d'fhoilsigh ÚSS an [Treoir maidir le hOibriú ón mBaile](#) d'fhostóirí agus d'fhostaithe ina ndéantar breac-chuntas ar na freagrachtaí ar an dá pháirtí. Cuimsítear sa treoir faisnéis úsáideach maidir le measúnuithe riosca, timpeallacht na hoifige baile, soláthar trealamh agus cumarsáid.

Tá sláinte agus sábháilteacht á rialú ag dlí AE. Mar gheall ar an mian agus an gá atá ag méadú maidir le socrúithe cianoibre, tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Aontas Eorpach ar a threoracha a bhaineann leis an topaic. Is í Treoir (87/391/CEE) maidir leis an Láthair Oibre an t-acht bunaidh dlíthiúil um shláinte agus sábháilteacht ina gcuimsítear prionsabail maidir le cosc agus cosaint oibríthe ar thimpistí agus ar ghalair cheirde. Rialaítear le Treoir AE maidir le Trealamh Scáileán Taispeána (90/270/CEE) na híoscheanglais maidir le sláinte agus sábháilteacht don obair lena mbaineann trealamh scáileán taispeána. Tá an dá Treoir sin á n-athbhreithniú faoi láthair ag Coiste Comhairleach AE maidir le Sábháilteacht agus Sláinte ag an Obair. Tá ÚSS ag glacadh páirt san athbhreithniú sin thar ceann na hÉireann. Ar bhonn thorthaí na n-athbhreithnithe sin, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí athruithe ar na treoirínte idirnáisiúnta maidir le sláinte agus sábháilteacht amach anseo.

25 [Institiúid Whitaker Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Coimisiún Forbartha an Iarthair \(2020\) - Cianobair le linn COVID-19: Suirbhé Náisiúnta na hÉireann - Tuarascáil Chéim II](#)

26 [Institiúid Whitaker Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Coimisiún Forbartha an Iarthair \(2020\) - Cianobair le linn COVID-19: Suirbhé Náisiúnta na hÉireann - Tuarascáil Tosaigh](#)



## Dreasachtaí Cánach/Airgeadais

Is féidir le fostaithe reatha atá ag obair ón mbaile iocaíocht €3.20 in aghaidh an lae a fháil óna bhfostóirí chun íoc as a gcaiteachas. Tá an iocaíocht sin saor ó cháin don fhostóir agus tá sí dírithe ar chuidiú leis na fostaithe leis na costais mhéadaithe a bhaineann le leictreachas, téamh agus leathanbhanda.

I gcás go roghnaíonn fostóir gan €3.20 a íoc in aghaidh an lae dá bhfostaí, féadfaidh an fostaí éileamh a dhéanamh ar chostais a tabhaíodh i ndáil le leictreachas agus téamh, cionroinnte ar bhonn úsáid ghnó agus úsáid phríobháideach. Faoi mar a fógraíodh i mBuiséad 2021, féadfaidh fostaithe cion dá gcostais leathanbhanda in 2020 a éileamh chomh maith. Tá an lamháltas ar fáil i bhfianaise na n-athruithe ar an timpeallacht oibre a tháinig chun cinn ó phaindéim COVID-19 agus beidh sé i bhfeidhm ar feadh thréimhse na paindéime.

Bhí ábhar imní maidir le costais na hoibre ón mbaile ina ghné láidir sa Chomhairliúchán Poiblí ar an Treoir maidir le Cianobair. Tugadh mionsonraithe sna haighneachta maidir leis na costais bhreise a bhí á dtabhú ag fostaithe mar thoradh ar bheith ag obair ón mbaile, lena n-áirítear costais maidir le leathanbhanda, leictreachas, téamh, glaonna fóin agus trealamh. Níl reachtaíocht ar bith ann lena rialaítear costais a bhaineann leis an gcianobair. Léirigh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, áfach, go ndéantar costais a chomhaontú go ginearálta idir na páirtithe i socruithe cianoibre, agus go ndéanfar soláthar dóibh mar chuid de na téarmaí agus coinníollacha nó de chonradh fostaíochta.

I gcomhthéacs Bhuiséad 2022, déanfaidh an Roinn Airgeadas athbhreithniú ar na socruithe cánach le haghaidh cianoibre d'fhostóirí agus d'fhostaithe agus déanfaidh siad measúnú ar fhiúntais tuilleadh feabhsuithe.

### Gníomhaíochtaí:

1. Reachtaíocht a rith don cheart d'fhostaithe chun cianobair a iarraidh. (DETE, R3 2021)
2. Cód cleachtas a thabhairt isteach maidir leis an gceart chun dícheangail. (DETE, Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, R1 2021)
3. Treoir leanúnach agus cothrom le dáta a chur ar fáil d'fhostóirí agus d'fhostaithe. (DETE, ÚSS, Ar Siúl)
4. Agus na himpleachtaí eacnamaíocha, airgeadais agus eagraíochtúla atá ag teacht chun cinn ó eispéireas na cianoibre le linn na paindéime á gcur san áireamh, déanfaidh an Grúpa Straitéise Cánach athbhreithniú ar na socruithe reatha cánach maidir leis an gcianobair i ndáil le (i) fostaithe, agus (ii) fostóirí, agus déanfaidh siad measúnú ar fhiúntais feabhsuithe eile a bhreithneofar i gcomhthéacs Bhuiséad 2022. (DFIN, R3 2021)

## Cianobair agus Míchumas

De réir an taighde chomparáidigh is déanaí a rinne an Fóram Eorpach maidir leis an Míchumas, tá an ráta fostaíochta is ísle in Éirinn i measc daoine faoi mhíchumais as na tíortha Eorpacha ar fad (32.3 faoin gcéad). Tá an bhearna fostaíochta is airde in Éirinn chomh maith idir daoine faoi mhíchumais agus an daonra i gcoitinne (42 faoin gcéad).<sup>27</sup>

Baineann na rátaí ísle fostaíochta sin leis an gcuid mhór bacainní ar an bhfostaíocht atá roimh dhaoine faoi mhíchumas. D'fhéadfadh sé a bheith deacair freastal ar áit oibre mar gheall ar shoghluaisteacht, iompar agus rochtain fhisiciúil. Is í obair ón mbaile do dhaoine faoi mhíchumas an t-aon mhalairt inmharthana i roinnt cásanna.

De bharr thosú tobann na cianoibre tá glacadh níos leithne ag fostóirí le cianoibre/obair ón mbaile mar fhéidearthacht fhadtéarmach inmharthana, agus is dócha go gcoinneoidh a lán cuideachtaí obair ón mbaile mar rogha fiú sa chás nach dteastaíonn sé ar chúiseanna sláinte poiblí. Is suntasach na tairbhí féideartha de ghlacadh níos leithne leis an gcianobair do dhaoine faoi mhíchumas. Le cianobair fhairsing soláthraítear an deis do dhaoine faoi mhíchumas oibriú i gcás go mbeadh sé sin dodhéanta seachas sin.

Ábhar imní amháin atá ann ná le leibhéal níos airde cianoibre d'fhéadfadh sé mbeadh gairmeacha daoine faoi mhíchumais thíos leis mar thoradh ar laghdú ar infheictheacht oifige agus ní mór d'fhostóirí bearta a chur san áireamh chun é sin a sheachaint. Ní mór do dhaoine faoi mhíchumas atá ábalta agus ar mian leo obair ar áitreabh an fhostóra an cheart céanna a bheith acu is atá ag daoine nach bhfuil faoi mhíchumas agus ba cheart leanúint le liúntais dóibh siúd ar mian leo freastal ar an láthair oibre.

<sup>27</sup> [An Fóram Eorpach maidir leis an Míchumas \(2020\) – Bochtaineacht agus Cuimsiú Sóisialta Daoine faoi Míchumas – Tuarascáil maidir le Cearta an Duine na hEorpa – Fisiúint 4](#)

## 2. Bonneagar Cianoibre a Fhorbairt agus a Threisiú

Tá forbairt agus treisiú bonneagair cianoibre ina chomhpháirt rítábhachtach maidir le glacadh náisiúnta méadaithe na cianoibre a chur chun cinn. Ní mór bonneagar imleor a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh fostóirí agus fostaithe ábalta leas a bhaint as deiseanna cianoibre sa bhaile agus i moil ar aon. Beidh tuilleadh forbartha agus treisithe ar an mbonneagar do mhoil chianoibre atá ann cheana agus seachadadh an leathanbhanda ar bhonn náisiúnta ina spreagadh suntasach maidir le daoine a éascú le hoibriú go cianda agus an acmhainneacht iomlán a bhaint amach.

### Bonneagar Mol

Cuireann bonneagar mol cianoibre na hÉireann deiseanna suntasacha i láthair chun an chianobair a fhorbairt ar fud na tíre. Soláthraíonn moil chianoibre réiteach luachmhar d'fhostóirí agus d'fhostaithe ar mian leo socrúithe cianoibre a ghlacadh. D'fhostóirí, tairgeann moil chianoibre an deis dá bhfostaithe bheith ag obair níos gaire don bhaile ach fós laistigh de thimpeallacht oifige. D'fhostaithe, d'fhéadfadh tairbhí a bheith mar toradh orthu sin de chomaitéireacht laghdaithe, rochtain ar shaoráidí oifige, agus laghdú ar an mbaol go mbeadh siad scoite nó go mbeadh cumha orthu.

Soláthraíonn líonra náisiúnta mol cianoibre réiteach dóibh siúd a chaithfidh taisteal go minic ar fud na tíre dá gcuid oibre agus cuidíonn sé le haistriú fostaithe a bheith ag bogadh ó shamhail sheasta um láthair oibre. Soláthraíonn moil chianoibre an deis chomh maith do dhinimiceas féideartha idir fostaithe ó ghnólachtaí éagsúla agus iad ag obair sa timpeallacht chéanna.

Go sonrach, d'fhéadfadh an úsáid as moil chianoibre tionchar bunathraitheach a bheith acu ar gheilleagair agus ar phobail áitiúla agus d'fhéadfadh siad dáileadh geografach níos cothroime de ról geilleagair eolais ardluachmhara a éascú. D'fhéadfadh na moil chianoibre ina bhfuil leathanbhanda ardluais éascaíocht a dhéanamh do go leor daoine chun obair ina gceantar áitiúil agus d'fhéadfadh fostaíocht réigiúnach mhéadaithe agus astaíochtaí carbóin níos ísle a bheith mar thoradh air sin.

Nuair a foilsíodh í i mí na Nollag 2019, sonraíodh sa tuarascáil 'Cianobair in Éirinn' go raibh bonneagar fairsing mol cianoibre in Éirinn cheana. Sainithníodh os cionn 330 mol atá ag feidhmiú in Éirinn i meastacháin in 2020.<sup>28</sup> In ainneoin sin, fuarthas sa tuarascáil go raibh easpa sonraí náisiúnta ar fáil maidir leis an mbonneagar mol cianoibre in Éirinn. Sonraíodh go raibh sin ina bhacainn ar ghlacadh mol cianoibre in Éirinn a chur chun cinn. Ó foilsíodh an tuarascáil, tharla a lán sa réimse sin in 2020.

### Coimisiún Forbartha an Iarthair agus Conair Eacnamaíochta an Atlantaigh

Bhí ról láidir ag Coimisiún Forbartha an Iarthair i bhforbairt mol ar fud Chonair Eacnamaíochta an Atlantaigh. In 2019 rinne Coimisiún Forbartha an Iarthair iniúchóireacht ar mhoil i gceantar réigiún Chonair Eacnamaíochta an Atlantaigh lena bhfeidhmeanna, saoráidí agus rialachas a shocrú.

Thar 2020 rinneadh Coimisiún Forbartha an Iarthair an obair sin a fhorbairt tuilleadh. Tá Coimisiún Forbartha an Iarthair ag díriú anois ar líonra de os cionn 100 mol a fhorbairt i réigiún Chonair Eacnamaíochta an Atlantaigh. Tríd an tionscnamh maidir le Líonra Mol do Chonair Eacnamaíochta an Atlantaigh forbraíodh modheolaíocht tionscadail a bhaineann le céimeanna a d'fhéadfaí a úsáid mar chreat chun an tionscadal a uas-scálú chun líonra mol náisiúnta a sholáthar.

Áirítear ar an obair a rinneadh go dtí seo: bailiú fairsing sonraí, suirbhéireacht agus [mapáil ar líne](#); próiseas cuimsitheach comhairliúcháin; córas aicmithe mol; rannpháirtíocht agus cur chun cinn líonra mol. Mar chuid den obair sin, forbrófar córas TF don líonra ionas go mbeifear ardán suímh ghréasáin moil, innill cur in áirithe uathoibríthe ar líne, agus córas bainistíochta mol i chur i moil aonair. Bainfear úsáid as na huirlisí sin chun na moil a chur chun cinn, ualach na bainistíochta mol a mhaolú agus cruthú phobail an líonra mol agus rannpháirtíocht ann a éascú.

28 [Tionóil Réigiúnacha na hÉireann \(2020\) – Anailís ar Obair Chomhionaid Réigiúnach](#)

## Anailís ar Obair Chomhionaid Réigiúnach

Tá obair á déanamh ag na Tionóil Réigiúnacha chomh maith ar an mbonneagar náisiúnta mol a chainníochtú agus a aicmiú. Foilsíodh staidéar comhoibríoch, a rinne na Trí Thionól Réigiúnacha, i mí Dheireadh Fómhair 2020. Sa [staidéar rinneadh](#) líon oibríthe na hearnála príobháidí a bhí ábalta oibriú go cianda ar fud na hÉireann a mhapáil. Cuimsítear sa tuarascáil miondealú ar na hoibríthe sin de réir an chontae agus cuirtear na figiúirí i gcomparáid ansin le líon na mol atá ag oibriú i ngach contae.

Ag baint leas as sonraí CSO, measadh san anailís gur féidir le níos mó ná 25 faoin gcéad d'oibríthe na hearnála príobháidí in Éirinn oibriú go cianda.<sup>29</sup> Mar sin, sonraíodh sa tuarascáil go bhfuil an acmhainneacht le forbairt mol oibre comhionaid ina bhfuil leathanbhanda ardluais réimse deiseanna eacnamaíocha agus comhshaoil a chur ar fáil agus téarnamh uilechuimsitheach a spreagadh ar fud na réigiún.

Chomh maith leis an gcumas cianoibre a mheas, soláthraítear sa tuarascáil liosta agus mapáil mol ar fud na hÉireann. Ghlac na Tionóil Réigiúnacha an t-aicmiú céanna do mhoil arna fhorbairt ag Coimisiún Forbartha an Iarthair agus chruthaigh siad acmhainn úsáideach Stáit is féidir a úsáid chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht amach anseo.

## Grúpa Oibre an Líonra Náisiúnta Mol

Chruthaigh an Roinn um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail (DRCD) Grúpa Oibre idir-rannach úr don Líonra Náisiúnta Mol. Faoi chathaoirleacht an Ard-Rúnaí, cruthaíodh an Grúpa sin chun imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go ndéanfaí líonra náisiúnta saoráidí cianoibre, bunaithe ar shamhail réigiún Chonair Eacnamaíochta an Atlantaigh a mhapáil agus a fhorbairt.

Déanfaidh an Grúpa Oibre sin an bonneagar mol a fhorbairt agus a mhapáil. Ardóidh sé feasacht maidir le moil agus éifeachtaí líonra éiceachóras na mol chun tacú leis an gcianobair ar bhonn náisiúnta. Chomh maith leis sin sainithneoidh an Grúpa an méid seo a leanas: socruithe agus easnaimh mhaoiniúcháin; agus samhlacha forbartha cuí le haghaidh saoráidí cianoibre.

Cinntoidh an Grúpa Oibre go n-aithneofar na saoráidí sin mar acmhainn eacnamaíoch náisiúnta agus tacóidh siad lena gcomhtháthú isteach san fhorbairt pleanála agus beartas níos leithne. Trí bhailiú láraithe agus gníomhach sonraí a sholáthar, agus aschur sonraí mapála GIS déanfaidh an Grúpa ionchur san fhorbairt pleanála agus beartas níos leithne ar fud an rialtais.

Leithdháileadh €5 mhilliún sa bhreis do DRCD i mBuiséad 2021 chun forbairt an líonra náisiúnta mol a mhaoiniú, chomh maith le cuidiú le huasghrádú na saoráidí atá ann cheana ar fud na tíre.

## Na Chéad Chéimeanna Eile

Is léir go ndearna a lán dul chun cinn i sonraí bonneagair ó foilsíodh an tuarascáil 'Cianobair in Éirinn' in mí na Nollag 2019. Mar sin féin, tá réimse ann fós a bhféadfadh tuilleadh taighde cuidiú lena bhforbairt agus léargas níos eolasaí den tírdhreach mol a chur ar fáil do lucht déanta beartas. Le tuiscint mhéadaithe ar thosca amhail a dtionchar eacnamaíoch agus a leibhéil éilimh beifear ábalta déileáil le moill mar acmhainn náisiúnta eacnamaíoch straitéiseach amach anseo.

## Leathanbhanda

Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí rochtain ar cheangail idirlín ardchaighdeán a éascú do dhaoine maidir leis an gcianobair a fhorbairt. Mar gheall ar phaindéim COVID-19 tá tuilleadh béime curtha ar an tábhacht sin ionas gur féidir le saoránaigh ar fud na hÉireann leas a bhaint as an gcianobair, as oideachas agus as saoráidí riachtanacha eile ar líne.

Dírítear sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda (PNL) ar sheirbhísí leathanbhanda ardluais a sheasfaidh an aimsir a chur ar fáil do gach áitreabh in Éirinn. Clúdaítear sa phlean 1.1 milliún duine atá ina gcónaí agus ag obair in os cionn 544,000 áitreabh, lena n-áirítear beagnach 100,000 gnólacht agus feirm mar aon le 695 scoil. Réamh-mheastar sa phlean imlonnaithe go mbeidh rochtain ag os cionn 90 faoin gcéad de na háitribh sa Stát ar leathanbhanda ardluais faoi 2024.

29 [Tionóil Réigiúnacha na hÉireann \(2020\) – Anailís ar Obair Chomhionaid Réigiúnach](#)



I measc na gcéad táirgí insoláthartha ón bPlan Náisiúnta Leathanbhanda, le Pointí Ceangail Leathanbhanda (PCL) cinnteofar go soláthrófar rochtain phoiblí éigin do thart ar 300 ceantar iargúlta ar leathanbhanda ardluais agus iad ag fanacht leis an PNL. Suíomhanna ar a bhfuil rochtain phoiblí is ea PCLanna a roghnaíodh chun nascacht ardluais a ghlacadh sa chéad bhliain den PNL. Ba iad na húdaráis áitiúla a roghnaigh suíomhanna na PCLanna agus áirítear leo saoráidí poiblí amhail hallaí pobail, leabharlanna, ionaid spóirt, moil dhigiteacha, suíomhanna turasóireachta agus spásanna poiblí eile. Táthar ag súil go mbeidh thart ar 200 pointe rochtana poiblí agus 75 PCL scoile ar fáil lena gceangal faoi dheireadh 2020.

Tá tuilleadh suiteálacha beartaithe le haghaidh 2021, chun go bhféadfaidh sé go mbeidh thart ar 300 pointe rochtana poiblí ceangailte san iomlán ann.

Thiomnaigh an Clár don Rialtas do chur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda a luathú. Tá iniúchadh á dhéanamh ar an acmhainn cur i bhfeidhm an líonra a luathú i gcomhthráth leis na bearta a theastaíonn chun moilleanna de dheasca COVID-19 a mhaolú.

Seachas an PNL, tá sé chomh tábhachtach céanna go leanfaidh oibreoirí tráchtála le hinfeistiú a dhéanamh ina líonraí chun leibhéal na seirbhíse a sholáthraítear a fheabhsú. Ba cheart go leanfaidh an tírdhreach rialála le héascaíocht a dhéanamh ar infhaighteacht an leathanbhanda ardluais ar fud an Stáit.

### Gníomhaíochtaí:

1. Infheistíocht shuntasach a dhéanamh i moil agus bonneagar na cianoibre i limistéar nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu chun taca a chur faoi fhorbairt líonra náisiúnta mol. **(DRCD - Grúpa Oibre an Líonra Náisiúnta Mol, DETE, R4 2021)**
2. Mapáil agus aicmiú mol a leathnú- faoi mar atá curtha i gcrích ag Coimisiún Forbartha an Iarthair ar Chonair Eacnamaíochta an Atlantaigh - ar fud na tíre chun sonraí náisiúnta maidir le bonneagar mol a fhorbairt. **(DRCD - Grúpa Oibre an Líonra Náisiúnta Mol, R1, 2021)**
3. Sonraí comaitéireachta, scileanna agus saoráidí cúraim leanaí a mhapáil chun bonn eolais a chur faoi chinntí maidir le moil a fhorbairt amach anseo. Lena chois sin, sraith meadarachtaí eacnamaíochta cuí a shainaithint chun tionchar na cianoibre (lena n-áirítear moil agus tithe araon) a rianú. **(CSO, DETE, DoT, DCEDIY, Tionóil Réigiúnacha, CCMA, EI, R3 2021)**
4. Imscrúdú a dhéanamh ar an dóigh ar féidir leas a bhaint as aicmí moil atá ann cheana chun bonn eolais a chur faoi chinntí maoiniúcháin amach anseo. Ba cheart go gcuirfí san áireamh leis sin an dóigh a n-ailíneofar bonneagar mol leis an aistriú go geilleagar ísealcharbóin. **(DRCD - Grúpa Oibre an Líonra Náisiúnta Mol, DECC, DTCAGSM, DETE, R3 2021)**
5. Iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir an Plean Náisiúnta Leathanbhanda a luathú; nascacht a sheachadadh a luaitheis féidir ar fud cheantair thuaithe na hÉireann mar chuid lárnach de bhonneagar na cianoibre. **(DECC, R1 2021)**

## 3. Beartas agus Creat-Treoir maidir le Cianobair a Chruthú

Tá méadú ag teacht ar an gcianobair in Éirinn le blianta beaga anuas. Rinne COVID-19 é sin a luathú go mór agus is léir go mbeidh an chianobair ina gné lárnach i dtodhchaí na hoibre. Ní mór bonn agus taca a chur faoi sin le beartas agus creat treorach sofhreagrúil.

Sainíodh trí réimse sa tuarascáil ‘Cianobair in Éirinn’ nach mór aghaidh a thabhairt orthu lena chinntiú go bhféadfaidh Éirinn na tairbhí a bhaint as an gcianobair: sonraí, comhoibriú agus treoir.

Mar léiríodh roimhe seo, d’fhorbair DE TE [leathanach gréasáin](#) maidir le treoir ar an gcianobair ina soláthraítear faisnéis agus comhairle dóibh siúd ar mian leo dul i mbun réitigh chianoibre. Chun bealach gasta a chur ar fáil d’fhostóirí lena mbealach a dhéanamh trí ghlacadh na socruithe cianoibre, soláthraítear ar an leathanach gréasáin chomh maith [seicliosta](#) maidir leis an gcianobair. Leanfar leis an leathanach sin a thabhairt chun dáta ar bhonn rialta chun feidhmiú mar acmhainn bheo le haghaidh fostóirí agus fostaithe.

Mar sin, tá sé ríthábhachtach go dtabharfaí aghaidh ar an dá thoradh eile ón tuarascáil, comhoibriú agus sonraí. Chun na tairbhí a bhaineann leis an gcianobair a bhaint amach beidh ar lucht déanta beartas bheith ailínithe le fíis chomhroinnte agus tacaíthe ag rochtain ar na sonraí is ábhartha chun bonn eolais a chur faoi bheartas a bheidh bunaithe ar fhianaise.

### Comhoibriú

Fuarthas sa tuarascáil ‘Cianobair in Éirinn’, go bhfuil méid mór oibre ar bun faoi láthair chun an chianobair a chur chun cinn i measc Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit. Cé gur tugadh faoi líon beartas agus straitéisí a bhaineann leis an gcianobair ar fud an Rialtais, rinneadh an obair sin ó go leor peirspictíochtaí éagsúla. Gan amhras, bhí comhoibriú éigin idir na comhlachtaí atá ag tabhairt faoin obair go dtí seo ach ní dhearnadh é sin ar bhealach ina bhfuil na páirtithe ar fad rannpháirteach. Chruthaigh sé sin tirdhreach ilroinnte a bhféadfaí mearbhall faoi shainmhíniú, cuspóir agus tionchair na cianoibre bheith mar thoradh air.

Príomhfhócas den Straitéis seo is ea ceangal a dhéanamh le lucht déanta beartas chun go mbeidh fíis chomhroinnte ann don chianobair ar fud an Rialtais. Chun an Straitéis seo a fhorbairt ar bhonn leathan cruthaíodh Grúpa Idir-rannach (IDG).<sup>30</sup> I ndiaidh fhoilsiú na Straitéise, leanfaidh an IDG ag teacht le chéile go rialta lena chinntiú go mbeidh an obair a bheidh á déanamh ar fud an Rialtais ailínithe. Tionólfaidh DE TE cruinnithe rialta chun an t-ailíniú agus comhroinnt faisnéise a chur chun cinn chun tacú le spriocanna níos leithne an Stát, amhail rannpháirtíocht sa lucht oibre a mhéadú, forbairt réigiúnach ar bhonn cothrom, forbairt bonneagair iompair, maolú carbón, agus feabhas a chur ar an gcothromaíocht oibre is saoil.

### Sonraí

Sainithníodh sa tuarascáil ‘Cianobair in Éirinn’ go raibh ganntanas sonraí ann maidir leis an gcianobair. Tá sé aitheanta go bhfuil bacainní ann maidir le beartas eolasach a dhéanamh sa réimse seo mar gheall ar an easpa sonraí sin. I gcás fostaithe, fuarthas go raibh easpa sonraí náisiúnta maidir leis an lucht oibre ar fáil ina ngabhtar leitheadúlacht agus cineálacha na cianoibre. Mar thoradh air sin, samhlaíodh inti go ndéanfar cleachtadh tiomanta tréimhsiúil bailithe sonraí ar dhaoine atá i mbun cianoibre chun cineálacha agus minicíocht na cianoibre a ghabháil.

Sa tuarascáil chomh maith fuarthas go raibh gá le fianaise chainníochtúil ar fhostóirí atá ag glacadh réitigh chianoibre. Bheadh bailiú na sonraí sin ina chuidiú le léargas níos iomláine a chruthú maidir le glacadh na cianoibre agus d’fhéadfaí iad a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí agus iad a thuiscint.

30 Tá ballraíocht an IDG ar fáil in Aguisín



Faoi mar a luadh roimhe seo, i rith 2020 agus phaindéim COVID-19, cuireadh bunachair shonraí maidir leis an gCianobair ar fáil. Rinne Institiúid Whitaker Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Coimisiún Forbartha an Iarthair suirbhé ar an gCianobair le linn COVID-19 inar cruinníodh níos mó ná 7,000 freagairt sa chéad chéim i mí na Bealtaine.<sup>31</sup> Rinneadh dara céim i mí Dheireadh Fómhair inar tionsaíodh os cionn 5,000 freagairt.<sup>32</sup> Soláthraíodh roinnt léargais shuimiúla sa taighde sin maidir le heispéiris daoine de bheith ag obair ón mbaile le linn COVID-19.

Mar an gcéanna, mar a luadh thuas, rinne an ceardchumann Fórsa suirbhé maidir leis an gCianobair i measc 4,300 oibrí i mí Iúil 2020. Ba státseirbhísigh agus fostaí sa tseirbhís phoiblí formhór na bhfreagróirí. Soláthraíodh sonraí sa suirbhé maidir leis an eispéireas ar bheith ag obair ón mbaile le linn COVID-19 agus clúdaíodh na bacainní agus na tairbhí a bhí i gceist ann.<sup>33</sup> Go suimiúil, tagann torthaí na suirbhéanna sin go mór le torthaí Shuirbhé Fostaithe DETE maidir leis an gCianobair a rinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2019.

Bhailigh an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) sonraí chomh maith i ndáil le gnólachtaí a raibh socrúithe cianoibre i bhfeidhm acu le linn COVID-19 ina [Suirbhé maidir le Tionchar Covid-19 ar Ghnó](#). Sa chéad sruth den suirbhé sin, a rinneadh i mí na Bealtaine 2020, chuimsigh an CSO ceist a ghabhann suíomh oibre baill foirne gnólachta. Léirítear leis an sonraí sin go raibh formhór fostaithe 30.1 faoin gcéad d'fhiontair ag obair go cianda ag an am agus dífead fiche faoin gcéad idir gnólachtaí beaga agus gnólachtaí móra.<sup>34</sup>

Sa sruth deiridh den suirbhé sin, a rinne i mí Lúnasa 2020, sainaithníodh go raibh meánlíon 57.7 faoin gcéad den fhoireann i bhfiontair oifige ag obair go cianda.<sup>35</sup> Sainaithníodh sa suirbhé sin chomh maith go raibh sé beartaithe ag os cionn 40 faoin gcéad de na fiontair oifige sin socrú buan a dhéanamh den chianobair i gcáil éigin.<sup>36</sup>

Mar sin, cé go ndearnadh dul chun cinn suntasach i gcomhthéacs infhaighteacht sonraí in 2020, tá easpa sonraí oifigiúla ann fós lena dtomhaistear rannpháirtíocht sa chianobair lasmuigh den phaindéim agus áirítear leis suíomhanna seachas an baile, amhail moil chianoibre nó nuair atáthar ag taisteal. Tá gá fós le sonraí a ghabhann rannpháirtíocht fostóirí agus fostaithe araon sa chianobair. Ní mór na sonraí sin a ghabhail go hoifigiúil agus go rialta chun bonnlíne a chur ar fáil do lucht déanta beartas a mbeifear ábalta treochtaí, spriocanna agus tionchar beartais amach anseo a thomhas ina gcoinne.

Chun bonneagar sonraí cianoibre a fhorbairt a mbeifear ábalta dul chun cinn a thomhas ina choinne, déanfar líon snáithí éagsúla taighde. Le torthaí na ngníomhaíochtaí sin le chéile soláthrófar léargas níos iomláine do lucht déanta beartas maidir leis na tionchair agus an acmhainn le haghaidh na cianoibre sa bheartas poiblí. Soláthrófar leis na gníomhaíochtaí sin léargas suntasach ar an gCianobair san fhadtéarma agus cuideoidh siad le forbairt beartas.

### Gníomhaíochtaí:

1. Sonraí náisiúnta maidir le teagmhas agus minicíocht na cianoibre, mar chuid d'iarracht níos leithne chun feabhas a chur ar shonraí maidir le socrúithe oibre solúbtha, chun bonn fianaise a chur fáil do bheartas amach anseo. **(DCEDIY, DETE, CSO, R4 2021)**
2. Bonn eolais tras-rannach lárnach a bhunú maidir leis na costais agus na tairbhí a bhaineann le glacadh méadaithe na cianoibre chun tuiscint a fháil ar na tionchair ar réimsí amhail, fostaíocht, iompar, astaíochtaí carbóin, leathanbhanda agus comhionannas. **(DETE, DRCD, DoT, DECC, DCEDIY, R4 2021)**
3. Cruinnithe de chuid IDG na Straitéise a thionól gach ceithre huair in aghaidh na bliana lena chinntiú go mbeidh ailíniú tras-rannach ann chun tacú le spriocanna níos leithne an Stáit. **(DETE, Ar Siúl)**

31 [Institiúid Whitaker Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Coimisiún Forbartha an Iarthair \(2020\) - Cianobair le linn COVID-19: Suirbhé Náisiúnta na hÉireann - Tuarascáil Tosaigh](#)

32 [Institiúid Whitaker Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus Coimisiún Forbartha an Iarthair \(2020\) - Cianobair le linn COVID-19: Suirbhé Náisiúnta na hÉireann - Tuarascáil Chéim II](#)

33 [Fórsa \(2020\) - Comhairliúchán Poiblí maidir ar an Treoir maidir le Cianobair](#)

34 [CSO, Suirbhé ar Thionchar COVID-19 ar Ghnó - 4 Bealtaine go 31 Bealtaine 2020](#)

35 [CSO, Suirbhé ar Thionchar COVID-19 ar Ghnó - 27 Iúil go 23 Lúnasa 2020](#)

36 [CSO, Suirbhé ar Thionchar COVID-19 ar Ghnó - 27 Iúil go 23 Lúnasa 2020](#)

## Cianobair agus Cothromaíocht Inscne san Láthair Oibre

Ceann de na gnéithe bunúsacha maidir le cothromaíocht inscne a chur chun cinn sa láthair oibre agus an bearna phá idir an hinscní a laghdú is ea a chinntiú go mbeidh rochtain chothrom ag mná agus ag fir ar an láthair oibre. Leis an gcianobair, mar chuid de bheartas um obair sholúbtha níos leithne, cuirtear deis ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na bacainní atá ar rannpháirtíocht iomlán ban sa lucht oibre.

Mórthoisic a chuireann leis an ngannionadaíocht do mhná sa láthair oibre is ea an deacracht a bhaineann le cothromaíocht a fháil idir obair íoctha agus obair chúraim neamhíoctha, ualach díréireach a bhíonn ar mhná den chuid is mó. Le réir staidreamh ECFE, déanann mná in Éirinn thar ar 5 uair an chloig d'obair neamhíoctha sa lá.<sup>37</sup> I gcomparáid leis sin ní dhéanann fir ach 2 uair an cloig d'obair neamhíoctha sa lá. D'fhéadfadh an chianobair éascaíocht a dhéanamh ar rochtain ar an láthair oibre do dhaoine a bheadh ag streachailt seachas sin chun freagrachtaí cúraim a bhainistiú agus am fad comaitéireachta acu nó iad ag obair go fisiceach lasmuigh den bhaile. D'fhéadfadh spreagadh ghlacadh na cianoibre ag fir agus mná araon tacú le beartais lena bhféachtar le cothromaíocht níos mó i bhfreagrachtaí cúraim a chinntiú.

Is gné thábhachtach maidir le dul i ngleic leis an mbearna phá idir an hinscní go ndéanfar méadú ar ionadaíocht ban i ról shinsearach. Luaitear easpa deiseanna oibre solúbtha go minic mar cheann de na cúiseanna atá leis an nganntanas ban i bpoist shinsearach. Tá an acmhainn le méadú ar an gcianobair agus ar obair sholúbtha ionadaíocht na mban ar an leibhéal sinsearach a fheabhsú.

D'fhéadfadh an beartas maidir leis na gcianobair tacú leis sin trína chinntiú nach gcuireann an chianobair teorainn le forbairt ghairme. Tá an fhreagracht ag fostóirí as a chinntiú go gcloífear leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta beag beann ar cé acu an bhfuil fostaí ag obair go cianda nó nach bhfuil.

Ábhar imní amháin a cuireadh in iúl i measc cianoibrithe go bhféadfadh sé go mbeadh a ngairmeacha thíos leis mar thoradh ar laghdú ar infheictheacht oifige. De réir an dlí, áfach, ní mór na deiseanna céanna a thabhairt dóibh siúd a bheidh ag obair go cianda agus a thugtar dá gcomhghleacaithe ar an láithreán. Mar shampla, caithfidh an rochtain chéanna a bheith ag fostaithe a bheidh ag obair go cianda ar fhorbairt ghairme, deiseanna oiliúna agus cur chun cinn agus atá acu siúd a bheidh ag obair ar an láithreán.

Ba cheart go mbeadh fostóirí aireach ar thionchair dhiúltacha ar bith a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an gcianobair agus bearta a dhéanamh go gníomhach chun éifeachtaí diúltacha neamhbheartaithe ar bith a mhaolú. Mar shampla, ba cheart d'fhostóirí an chianobair a chur chun cinn go cothrom ar fud an n-eagraíochta. Ba cheart d'fhostóirí lionsa inscne a chur i bhfeidhm chomh maith maidir le cinntí a bhaineann leis an gcianobair lena chinntiú nach mbeidh tionchar díréireach ag beartais nó nósanna imeachta ar bith ar inscne amháin. D'fhéadfadh bailiú sonraí ar réimsí maidir le forbairt ghairme, oiliúint agus ardú céim i measc cianoibrithe agus oibrithe nach bhfuil ag obair go cianda tacú le fostóirí leis sin. Ba cheart d'fhostóirí chomh maith ceannairí sinsearach a spreagadh le bheith ina rólchuspaí agus a mbaill foirne a bhainistiú ar bhealach uilechuimsitheach.

Leis an gcianobair, mar ghné d'obair sholúbtha níos leithne, cuirtear deiseanna suntasacha ar fáil chun lucht oibre níos cothroime a chruthú. Cuirfidh an Straitéis um Chianobair bonn eolais faoi obair atá ar siúl cheana ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige maidir leis an mbeartas um obair sholúbtha agus saoire teaghlaigh agus comhlánóidh sí an obair sin.

37 Aithníodh go ndéanann mná 4 uair an chloig agus 52 nóiméad d'obair neamhíoctha sa lá. Aithníodh go ndéanann fir 2 uair an chloig agus 7 nóiméad d'obair neamhíoctha sa lá. Ar fáil ag: <https://stats.oecd.org/index.aspx?queryid=54757>

## Coinníollacha Buntacaithe

Cuirfear borradh faoi thrí cholún na Straitéise le líon coinníollacha buntacaithe tábhachtacha. I ndiaidh COVID-19, beidh an chianobair fós ina gné lárnach den obair in Éirinn. Beidh cur chun cinn na dtairbhí agus an dea-chleachtais ríthábhachtach le haghaidh rath ghlacadh na cianoibre. Chun aistriú réidh a chinntiú agus na tairbhí a bhaineann le méadú ar líon na gcianoibrithe a bhaint amach, ní mór go mbeidh fostóirí ar an eolas faoi riachtanais scileanna fostaí agus tacú le cleachtais úra cianoibre.

Le tiomantas na Seirbhíse Poiblí don chianobair a mhéadú soláthraítear deis thábhachtach chun ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla agus an dea-chleachtas a léiriú d'fhostóirí.

### Cur chun Cinn agus Ardú Feasacht maidir leis an gCianobair

Léiríodh na tairbhí suntasacha a bhaineann le méadú ar an gcianobair ar fud an tuarascála seo. D'fhéadfaí an chianobair méadú a dhéanamh ar an rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, an buíon tallainne a leathnú d'fhostóirí, forbairt réigiúnach ar bhonn cothrom a éascú, brúnna cóiríochta a mhaolú, feabhas a chur ar chothromaíocht oibre is saoil, feabhas a chur ar fholláine leanaí agus teaghlach, an méid ama a chaitear ag comaitéireacht a laghdú, agus astaíochtaí carbóin a bhaineann le hiompar agus truailliú aeir a laghdú. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfear na tairbhí sin chun cinn, go gcuirfear in iúl iad agus go dtuigfidh fostóirí iad chun glacadh na cianoibre a éascú.

Tá comhdhearadh ag teacht chun cinn go mbeidh an chianobair ina gné lárnach i dtodhchaí na hoibre. Admhaíonn ECFE, agus dúshlán á sainiú, go mbeidh sé ina chuid den 'norm úr'.<sup>38</sup> Mar ghné den obair san fhadtéarma, tá sé ríthábhachtach go mbeidh fostóirí ullmhaithe don aistriú sin. Beidh ar fhostóirí tacú le forbairt ghairme agus dul chun cinn gairme.

I ngníomh, ciallóidh sé sin tacaíocht a thabhairt d'iontrálaithe úra, bealaí a shainiú chun piarfhoghlaim a chinntiú, rochtain a sholáthar ar mheantóireacht agus cuidiú le líonra gairmiúil a fhorbairt. Tá sé ríthábhachtach, go háirithe i láithreacha oibre ina bhfuil cianoibrithe agus oibrithe oifige, nach mbeidh an chianobair ina mbacainn ar dhul chun cinn. Ba cheart d'fhostóirí roghanna a chur san áireamh amhail beartais 'tús áite don chianobair, i gcás go mbeidh na cruinnithe ar fad ar bun go fíorúil nó ar bhonn pearsanta trí shocrú roimh ré lena chinntiú nach mbeidh cianoibrithe faoi mhíbhuntáiste. Chun oibriú ar shlí chomh éifeachtach agus is féidir, ba cheart d'fhostóirí agus do cheannairí sinsearacha laistigh d'eagraíocht cuir chuige dá leithéid a chuimsiú chun cianobair a leabú agus a choimeád.

Chun cuidiú le haistriú cianoibrithe méadaithe, caithfidh fostóirí an dea-chleachtas sa réimse seo a bheith ar eolas acu agus tacú leis ina nglacadh le beartais um chianobair.

### Ceannaireacht a Thabhairt le Dea-Shampla

Tá tiomanta déanta sa [Chlár don Rialtas](#) go ndéanfar fostóirí na hearnála poiblí, coláistí, agus comhlachtaí eile a aistriú go 20 faoin gcéad d'obair ón mbaile agus de chianobair in 2021. Cuireann sé sin deis thábhachtach ar fáil don Stát ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla agus an bealach a réiteach le beartas uailmhianach réamhbhreathnaitheacha um chianobair á leathnú chuig a bhfostaithe.

Ó thosaigh COVID-19, tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) ag obair i gcomhair le comhghleacaithe ar fud Eagraíochtaí na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí chun treoir a chur ar fáil maidir le hoibriú ón mbaile i rith na paindéime. Le haistriú mórscála na mball foirne chuig na socrúithe sin tugadh chun suntais an mhian láidir i measc lucht oibre na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí níos mó socrúithe cianoibre agus oibre solúbtha a chuimsiú le haghaidh róil oiriúnacha ar bhonn leanúnach.

38 [ECFE \(2020\) - Gnóthachain Táirgiúlachta ón Theileá-Obair i ndiaidh ré COVID 19](#)

Tá DPER ag leanúint ag obair le fostóirí ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí araon chun an cur chuige fadtéarmach maidir leis an gcianobair san earnáil phoiblí a fhorbairt agus an tiomantas sonrach sa Chlár don Rialtas do 20 faoin gcéad den obair ón mbaile san earnáil phoiblí in 2021.

Cé gurb ionann an sprioc 20 faoin gcéad agus meán ar fud na státseirbhíse agus na seirbhísí poiblí, tá sé admhaithe go bhfuil roinnt earnálacha níos mó i bhfách leis an gcianobair. Beidh fadhbanna praiticiúla agus fadhbanna eile i gceist le 20 faoin gcéad a bhaint amach in earnálacha áirithe den Státseirbhís agus den tSeirbhís Phoiblí (amhail san earnáil phoiblí i gcás gurb ionann formhór na n-oibrithe agus foireann ar an líne thosaigh). D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchair an-tromchúiseach aige sin ar an seachadadh seirbhíse don phobal agus beidh gá lena bhainistiú go cúramach lena chinntiú nach mbeidh tionchair dhiúltacha ar bith ann.

### Riachtanais Scileanna

Beidh impleachtaí maidir le tacair scileanna i gceist le glacadh fairsing na cianoibre mar ghné bhuan de thodhchaí na hoibre. Beidh scileanna úra ag taisteal chun na deiseanna atá a gcur ar fáil leis an teicneolaíocht agus bealaí úra chun oibriú a réadú go hiomlán. Beidh ar fhostóirí na cineálacha oiliúna atá oiriúnach dá ngnólachtaí agus an gá le cúrsaí oiliúna foirmiúla, foghlaim ar an bpost, nó meascán den dá rud a chinneadh.

I dtaighde a rinneadh don tuarascáil 'Cianobair in Éirinn' sainaithníodh má tá le héirigh le glacadh na cianoibre in Éirinn, go gcaithfear cuidiú le fostaithe leis na tacaíochtaí agus an oiliúint cheart. Mar shampla, tá oiliúint thiomanta i réimse amhail cumarsáid, scileanna bainistíochta, bheith i gceannas ar fhoirne cianda, scileanna TF, bainistíocht feidhmíochta, athrú cultúir, agus muinín a chothú ina mórchumasóirí i nglacadh rathúil beartas um chianobair.

Tá an oiliúint ar siúl cheana in go leor eagraíochtaí lena n-áirítear i gcomhair le Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO)na, an ÚFT agus Skillnet Oiliúna Foghlaimeoirí.

Chun tacú leis an gcianobair san fhadtéarmach, ba cheart na riachtanais scileanna a theastaíonn chun méadú ar an gcianobair a éascú a chur san áireamh i mbeartais eacnamaíocha agus scileanna reatha agus amach anseo. Ba cheart monatóireacht a dhéanamh ar na tionchair a bheidh ag an gcianobair ar scileanna chun glacadh rathúil na cianoibre a mhéadú agus chun a glacadh rathúil i measc fostóirí agus fostaithe a éascú. San fhadtéarma, d'fhéadfaí go mbeadh gá le fadhbanna scileanna níos leithne a bhreithniú mar an t-idirghníomhú idir cianobair agus litearthacht dhigiteach, ionduchtú na cianoibre agus bainistíocht ualaí oibre.

#### Gníomhaíochtaí:

1. Údarás a thabhairt d'fhostóirí na hearnála poiblí, coláistí, agus comhlachtaí poiblí eile aistriú go 20 faoin gcéad d'obair ón mbaile agus de chianobair in 2021. **(DPER, R4 2021)**
2. Feasacht a ardú maidir le bonneagar mol cianoibre atá in Éirinn cheana. **(DRCD - Grúpa Oibre an Líonra Náisiúnta Mol, R1 2021)**
3. Cianobair a chur chun cinn i measc gnólachtaí. Áirítear air sin feasacht a ardú maidir le hoiliúint ar chianobair agus comhairle a thabhairt faoi na hidirghabhálacha scileanna a theastaíonn chun go n-éireoidh leis an gcianobair. Ba chóir comhairle a thabhairt do ghnólachtaí chomh maith maidir leis an deachleachtas i ndáil le comhdheiseanna a chinntiú i measc oibrithe cainoibre agus oibrithe oifige. **(EI, ÚFT, WDC, Skillnet Ireland, R1 2021)**



## Na Chéad Chéimeanna Eile

**Tá an Straitéis maidir le Cianobair forbartha ar thrí cholún a bhfuil borradh curtha fúthu le coinníollacha buntacaithhe. I ngach ceann de na réimsí sin ní mór gníomhaíochtaí a dhéanamh láithreach lena gcuirfear cianobair chun cinn anois agus lena gcuirfear bonn eolais faoi chinnteoireacht amach anseo.**

Tá dáta seachadta comhaontaithe le gach gníomhaíocht de Ráithe 1, 2, 3 nó 4 in 2021. Cé go mbaineann a lán gníomhaíochtaí le comhar idir ranna agus gníomhaireachtaí, beidh ranna agus gníomhaireachtaí aonair i gceannas ar dhul chun cinn na ngníomhaíochtaí agus tiomnóidh siad dá soláthar thar an achar ama a comhaontaíodh.

Déantar dul chun cinn ar na gníomhaíochtaí a thuirisciú don Ghrúpa Idir-rannach atá á reáchtáil ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Sna cruinnithe sin ní hamháin go ndéanfar monatóireacht ar dhul chun cinn na ngníomhaíochtaí, ach cuirfear ailíniú agus comhroinnt faisnéise chun cinn chomh maith chun tacú le spriocanna níos leithne an Stáit, amhail rannpháirtíocht sa lucht oibre, forbairt réigiúnach ar bhonn cothrom, forbairt bonneagair iompair, maolú carbóin, feabhas a chur ar fholláine leanaí agus teaghlach, agus feabhas a chur ar an gcothroimaíocht oibre is saoil.

# Aguisín

## Doiciméid Bheartais Chuí

[Tionscadal Éire 2040](#)

[An Plean Náisiúnta Leathanbhanda](#) – An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

[Plean Gníomhaíochta don Aeráid](#) – An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

[Pleananna Fiontar Réigiúnach 2019-2020](#) – An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

[Poist Amach Anseo in Éirinn](#) – An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

[An Tionscnamh maidir le Cónaí i Lár na Cathrach](#) – An Roinn um Fhorbairt Tuaithe agus Poist Amach Anseo

[Pobail Beartas um Thaisteal Cliste](#) – An Roinn Iompair

[‘Oibrigh ar Bhealach níos Fearr. Maireachtáil ar Bhealach níos Fearr’ 2019-2024](#) – Coimisiún Forbartha an Iarthair

[An Chéad 5: Straitéis an Rialtais Uile do Leanaí, do Dhaoine Óga agus dá dTeaghlaigh](#) – An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

[Na Réigiúin a Chumhachtú](#) – Fiontraíocht Éireann

[Ár Leabharlanna Poiblí 2022: Pobail a Spreagadh, a Cheangal agus a Chumhachtú](#) – An Roinn um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail

[An Clár don Rialtas – Ár dTodhchaí Roinnte](#)

## Ballraíocht an Ghrúpa Idir-rannaigh

<b>David Hegarty (Cathaoirleach)</b>	DETE – An Rannán Straitéise Fiontraíochta, Iomaíochais agus Meastóireachta
<b>Kevin Daly</b>	DETE – Aonad an Mhargaidh Shaothair agus Scileanna
<b>Ruth Morrissy</b>	DETE – Aonad an Mhargaidh Shaothair agus Scileanna
<b>Patrick Condon</b>	DETE – Aonad an Mhargaidh Shaothair agus Scileanna
<b>Colm O'Neill</b>	DETE – Aonad na Straitéisí Réigiúnacha agus Tionscnamh Fiontraíochta
<b>Siobhán O'Carroll</b>	DETE – Aonad na hInfheistíochta Isteach agus Thuaidh Theas
<b>Áine Maher</b>	DETE – Aonad an Chaidrimh Thionsclaíoch agus an Idirchaidrimh um Chaidreamh san Áit Oibre
<b>Paul Norris</b>	DETE – An tAonad um Chearta Fostaíochta
<b>Stephen Curran</b>	DETE – An tAonad um Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Ceimiceán
<b>Joe Cullen / Mairéad Ross</b>	DFIN
<b>Joanna Cullen</b>	An Roinn Iompair
<b>Clare Dowling</b>	DSP
<b>Caroline Henry</b>	DECC
<b>Turlough O'Brien</b>	DRCD
<b>Seán Hurley</b>	R/Taoisigh
<b>Eileen Buckley</b>	DPER
<b>Natasha Cray</b>	DPER
<b>Jane Ann Duffy</b>	DCEDIY
<b>Paula Gough</b>	ÚSS
<b>Alan Barron</b>	Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
<b>Denis Curran</b>	ÚFT Éireann
<b>Michael Brougham</b>	Fiontraíocht Éireann
<b>Paula Maquire</b>	Fiontraíocht Éireann
<b>Tomás Ó Síocháin</b>	WDC
<b>Deirdre Frost</b>	WDC
<b>Stephen Carolan</b>	WDC
<b>Sinead Ní Fhátharta</b>	Údarás na Gaeltachta
<b>AnnMarie Farrelly</b>	CCMA

Tá buíochas speisialta ag dul do na heagraíochtaí seo a leanas chomh maith a bhfuarthas i gcomhairle leo le linn fhorbairt na Straitéise lena n-áirítear: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, na Tionóil Réigiúnacha, an CSO, agus Comhairle Contae Uíbh Fhailí.

## Liosta na nGiarrúchán

<b>AEC</b>	Conair Eacnamaíochta an Atlantaigh
<b>PCL</b>	Pointe Ceangail Leathanbhanda
<b>CBCC</b>	Cumann na Bainistíochta Contae agus Cathrach
<b>CSO</b>	An Phríomh-Oifig Staidrimh
<b>DCEDIY</b>	An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
<b>DECC</b>	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
<b>DETE</b>	An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
<b>DFIN</b>	An Roinn Airgeadais
<b>DoT</b>	An Roinn Iompair
<b>DRCD</b>	An Roinn um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail
<b>DSP</b>	An Roinn Coimírce Sóisialaí
<b>DTCAGSM</b>	An Roinn Turasóireachta, Cultúr, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
<b>FÉ</b>	Fiontraíocht Éireann
<b>ÚSS</b>	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
<b>ÚFT</b>	An tÚdarás Idirnáisiúnta Forbartha
<b>IDG</b>	An Grúpa Idir-rannach
<b>PNL</b>	An Plean Náisiúnta Leathanbhanda
<b>NUIG</b>	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh
<b>ECFE</b>	An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta
<b>WDC</b>	Coimisiún Forbartha an Iarthair
<b>WRC</b>	An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre



**Eanáir 2021**

Arna ullmhú ag an Roinn Fiontar,  
Trádála agus Fostaíochta  
[gov.ie](http://gov.ie)



**Rialtas na hÉireann**  
Government of Ireland